

Biseach *2003*

IRIS
CHUMANN
FORBARTHA
CHOIS
FHARRAIGE

€4.00

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo.

*An bhfuil iasacht uait?
Buail isteach. Labhair linn.*

**Ráta Úis íslithe go
9%**

AISÍOCAÍOCHTAÍ MÍOSÚIL SAMPLACH

Méid	12 mí €	24 mí €	36 mí €	48 mí €	60 mí €
€1,000	87.45	45.68	31.80	24.89	20.76
€5,000	437.26	228.42	159.00	124.43	103.79
€10,000	874.51	456.85	318.00	248.85	207.58
€20,000	1,749.03	913.69	635.99	497.70	415.17
€30,000	2,623.54	1,370.54	953.99	746.55	622.75

Téarmaí agus coinníollacha ag dul leis seo

- Iasachtaí clúdaithe le hárachas gan costas breise.
- Níl costas riaracháin ná táillí le n-íoc.
- Is féidir aisíocaíochtaí breise a dhéanamh gan pionós.



BISEACH

Iris Chuuman Forbartha Chois Fharraige

NOLLAIG 2003

Pobal an Chnoic 2003

Tá sé feicthe agam anseo i bPobal an Chnoic i gcaitheamh na mblianta go mbíonn oíche amháin ann chuile bhliain a thugann léargas soiléir dá mbíonn i láthair ar phobal beo gníomhach nach mbíonn ina chónaí. Sin í an oíche a dtagann moltóirí Ghlór na nGael le castáil le hionadaithe na gcoistí deonach agus breithiúnas a thabhairt ar na himeachtaí pobal-lárnaithe agus teanga-lárnaithe a bhíonn ar suil sa bParóiste. Bhuaigh Pobal an Chnoic an chéad áit in Éirinn faoi dhó cheana i gcomórtas náisiúnta Ghlór na nGael. Mhottaigh mé féin go minic gur mhór an trua nach bhfeiceann agus nach gcloiseann an pobal uilig faoi chuile shórt a bhíonn ar siúl ag na coistí deonacha agus iad ar fad ag obair go crua ag iarraidh Pobal an Chnoic a fhorbairt le ceangal na Gaeilge agus gan oiread is ceann amháin acu ag ligean a chuid maidí le sruth.

Fágadh eagrú Chomórtas Ghlór na nGael ar an gCnoc i mbliana faoi mo chúram agus tar éis na ceiste a phlé ag cruinniú de Chumann Forbartha an Chnoic, socraíodh a mbíonn ar bun ag na coistí i mbliana a fhoilsiú in eagrán na Nollag de *Biseach* 2003. Beidh 'fhios ag chuile dhuine sa mbaile a léifeas *Biseach* céard é go baileach a bhí ar bun ag na cruinnithe i gcaitheamh na bliana. Moladh chomh maith nár cheart léargas an phobail a choinneáil sa mbaile ach *Biseach* na Nollag a chur ag deoraithe an Phobail atá i bhfad ó bhaile mar thoirtín na Nollag.

Fáisceadh as an bpobal iad, agus ní cheart nuaíocht an Phobail a cheilt orthu ná a choinneáil uathu. Tá na cuirtíní tarraingthe. Níl náire ar bith orainn muid féin a thaispeáint mar atá muid. "Is fearr an ghaisce a maítear ná an ghaisce nach ndéantar".

Seo istigh léargas soiléir an Chnoic i 2003.

Go dtuga Dia Nollaig mhór mhaith dhaoibh uileag agus go méadaí Sé chuile shórt ar fheabhas gaibh i rith na bliana atá amach romhainn.

An tAth. Micheál ó Flannabhra, S.P.

CLÁR

	Lth.
Cois Fharraige agus Ollscolaíocht sa Ghaeltacht	2
Eagraíocht Scoileanna Gaeltachta	5
Oideachas Tríú Leibhéal agus Cumann Forbartha Chois Fharraige	6
Aosach Chois Fharraige	8
Cois Fharraige agus an 'Quiet Man'	11
Ionad Tacaíochta Teaghlaigh	13
Cumann Drámaíochta Chois Fharraige	16
Cumann Forbartha Chois Fharraige	18
Athrú Ré i gColáiste Cholmcille	19
Forbairt Scoil Sailearna	21
Scoil Náisiúnta Sailearna	23
Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta	25
Cumann Micheál Breathnach	27
Cumann Liathróid Láimhe Mhichíl Bhreathnaigh	29
Páirc an Chnoic	31
Ní Bhíonn Tú Óg Ach Scaitheamh	32
Cumann Camógaíochta Chois Fharraige	33
Reilig an Chnoic	34
SOCOS	35
Oscailt Thearmann Éanna	36
Campa Saoire Chois Fharraige	39
Pastime Chonamara	40
Ógras Chois Fharraige	41
Buaiteoirí Oireachtais an Cheantair le gairid	42
Cúrsaí Aimsire ar TG4	44
Feachtas Sábháilteachta	46
Naíonra Chois Fharraige	48
Súil Siar	51
Fáilte Isteach	52
Clíona, Niamh agus Róisín	53
Póstaí	54
Ar Shlí na Fírinne	55
Clabhsúr	56

In eagar ag Gaelscript Teo., Indreabhán, Co. na Gaillimhe Fón: 091-505555
Priontáil: Clódóirí Lurgan Teo., Indreabhán, Co. na Gaillimhe Fón: 091-593251

Cois Fharraige agus Ollscolaíocht sa Ghaeltacht

le Peadar Mac an Iomaire

Tá cuimhne ag seanfhondúirí Chois Fharraige ar Liam Ó Buachalla, ar shean-Tomás Ó Máille, ar Mháirín De Valéra agus ar an Mon. Eric Mac Fhinn, mar dhaoine a bhí ag léachtóireacht in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus a chaitheadh roinnt dá gcuid ama i gCois Fharraige. Sna tríochaidí, bunaíodh Ardscoil Mhichíl Bhreathnaigh i rith mhíonna an tsamhraidh i Seanscoil Sailearna. Bhí idir léachtóirí Ollscoile agus mic léinn ag freastal ar an Ardscoil sin. Rinne roinnt mhaith léachtóirí in Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a seacht ndícheall ollscolaíocht trí Ghaeilge a chur chun cinn ar champas na hOllscoile. Go deimhin, ní raibh baol ná buarach ar an méid mac léinn a bheith san Ollscoil ag an am sin agus atá inti anois. Is ar éigin go raibh fiú amháin an deichiú cuid inti agus atá anois.



An tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív; An Dr. Iognáid Ó Muircheartaigh, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh agus Peadar Mac an Iomaire, Ollscoil na hÉireann, Gaillimh (Pic. le caoinhead ón nuachtán FOINSE)

Bhí léachtóir nua ceaptha sa Ghréigis ar mba Sasanach é. Seoirse Mac Thomáis an t-ainm a bhí air. Ceapadh é san Ollscoil i 1931, ach tar éis trí bliana, d'éirigh sé as a phost de bharr gur dhiúltaigh údaráis na hOllscoile tacaíocht a chur ar fáil le hollscolaíocht a chur ar fáil sa Ghaeltacht do mhuintir na Gaeltachta. Ní raibh sé éasca ag Seoirse Mac Thomáis seasamh in aghaidh údaráis na hOllscoile ar an gceist seo mar ní raibh an tacaíocht a bheadh ag teastáil sa bpobal dá leithéid do sheasamh ag teacht chun cinn san am sin ná aon chosúlacht go dtiocfadh.

Ní dóigh gur tuigeadh an leas a dhéanadh oideachas Ollscoile do phobal na Gaeltachta an t-am sin mar a tuigtear anois é. Tá cuid mhaith de phobal mhionlaigh ar fud an domhain fágtha gan mórán cumhachta ná tionchair agus is minic nach bhfuil siad in ann seasamh ar a son féin leis na bunchearta daonna a bhaint amach, ní áirím cearta uailmhianacha mar a gcúrsaí ollscoil féin a bheith acu. Níl aon amhras nár chuidigh bunú an Chumann Forbartha i 1966 le spreagadh a thabhairt do mhuintir Chois Fharraige le hiad féin a eagrú ar mhaithe leis na rudaí a bhí ag teastáil uathu a bhaint amach. Tá cur síos ar an eagrú sin agus ar na rudaí a baineadh amach in eagrán eile de *Bhiseach*.

Cearta

B'as eagraíocht an Chumann Forbartha, a d'fhéadfá rá, a d'fhás Gluaiseacht Chearta Sibhialta i 1969 agus a bunaíodh Comharchumann Chois Fharraige i 1971. Nuair a d'éirigh Comharchumann Chois Fharraige as trádáil i 1983, cuireadh cúram ar bhaill éagsúla an choiste na píosaí a d'fhéadfaí a shábháil de ghníomhaíochtaí pobal-lárnaithe Chomharchumann Chois Fharraige a shábháil. Bhí cúram amháin nach raibh fonn ar mhórán tabhairt faoi, sé sin, déileáil le ceist chasta an uisce agus na bportach.

Ach b'obair í a chaithfí a dhéanamh agus rinneadh í, agus tá de thoradh ar sin inniu go bhfuil Comharchumann Shailearna bunaithe agus faoi lán tseoil scór blianta tar éis a bhunaithe. Ní hamháin sin, ach tá Seanscoil Shailearna atógtha - an tseanscoil ina raibh Ardscoil Mhichíl Bhreathnaigh sna tríochaidí. D'fhéadfaí breathnú ar an Ardscoil mar Ollscoil scairte ar feadh cúpla mí sa samhradh.

Ach rinne Comharchumann Chois Fharraige, agus Cumann Forbartha Chois Fharraige roimhe, leas níos mó don Ghaeltacht ná an obair a cheanglaítear leo ina gceantar feidhme. Le linn do Oifigigh Roinn na Gaeltachta a bheith ag breathnú ar an dul chun cinn suntasach a bhí Comharchumann Shailearna a dhéanamh go luath tar éis a bhunaithe, chonaic siad gurbh fhiú múnla comharchumann a úsáid le hairgeadú a dhéanamh ar thograí oideachais agus Gaeilge sa Ghaeltacht. B'shin é an bealach a bhfuair Áras Mháirtín Uí Chadhain ar an gCeathrú Rua tacaíocht airgid ó Roinn na Gaeltachta den chéad uair i 1986.

Frithheadh ag an am an deontas céanna agus a d'fhaigheadh comharchumann ag an am, i.e. £20,000 sa bhliain. Chuir an Ollscoil i bhfad níos mó ná £20,000 leis an airgead sin agus ceapadh foireann go lánaimseartha ar mhaithe le cur chun cinn na Gaeilge agus an oideachais trí Ghaeilge in Áras Mháirtín Uí Chadhain i dtús na bliana 1986.

Roinnt bhlianta ina dhiaidh sin, tháinig cuireadh ó Fhóram Iorras Aithneach le go ndéanfaí athchóiriú ar an ngairmscoil i gCarna agus go dtógfaí ionad ann cosúil le hÁras Mháirtín Uí Chadhain. Rinneadh sin, agus arís le tacaíocht ó Roinn na Gaeltachta agus ón Ollscoil féin, osclaíodh an tIonad sin i 1998. Tháinig forás suntasach

dhá bhliain ó shin nuair a tháinig tairiscint ó Choiste Stiúrtha na Crannóige i nGaoth Dobhair an Chrannóg agus gnó na Crannóige a thabhairt mar bhronntanas d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh ar chuntar go gcuirfeadh an Ollscoil sin ollscolaíocht trí Ghaeilge chun cinn.

Ollscolaíocht

Tá iarratais tagtha ó phobail eile ar fud na Gaeltachta leis na hacmhainní atá ar an gCeathrú Rua, i gCarna agus i nGaoth Dobhair a bheith freisin ina bpobal féin, ach tá teorainn leis an méid gur féidir a dhéanamh mar i leaba a chéile a tógar na caisleáin. I bPlean Straitéiseach na hOllscoile a foilsíodh le gairid, tá tosaíocht tugtha d'fhorbairt na hOllscolaíochta trí Ghaeilge agus d'fhorbairt Ionaid Oideachais Tríú Leibhéal sa Ghaeltacht mar chuid de sin. Is slánchuid den straitéis sin Acadamh na

Níl aon amhras nár chuidigh bunú an Chumann Forbartha i 1966 le spreagadh a thabhairt do mhuintir Chois Fharraige le hiad féin a eagrú ar mhaithe leis na rudaí a bhí ag teastáil uathu a bhaint amach.

hOllscolaíochta a bhunú. Seo Coláiste Léinn trí Ghaeilge taobh istigh d'Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá plean curtha le chéile ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh a fhágfaidh go mbeidh 1,500 mac léinn ag freastal ar chúrsaí oideachais tríú leibhéal trí Ghaeilge san Ollscoil féin agus sna hIonaid Ghaeltachta.

Ach chomh maith leis sin, beidh cúrsaí eile ann idir cúrsaí Gaeilge agus cúrsaí inseirbhíse a chuirfidh go mór leis an líon sin. Fágfaidh sin níos mó mac léinn ag freastal ar oideachas trí Ghaeilge ná an líon mac léinn ar fad a bhí san Ollscoil dhá scór bliain ó shin. Is é éileamh an phobail ar Oideachas trí Ghaeilge a chuidigh leis seo tarlú.

Tá i gceist, nuair a bheidh an Ollscolaíocht trí Ghaeilge faoi lán tseoil, go mbeidh suas le 200 duine fostaithe ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ar an gcampas féin agus sna hIonaid Ghaeltachta. Ní mic léinn iar-Ardteistiméireachta amháin a bheas ag freastal ar chúrsaí taobh istigh d'Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge. Beidh fáilte roimh mhic léinn atá ag fáil oideachas don dara seans. Beidh fáilte roimh mhic léinn seachas na mic léinn thraidisiúnta iar-Ardteistiméireachta.

Is é an rud atá Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge ag iarraidh a dhéanamh, pobal na Gaeltachta agus na Gaeilge a chumasú le bheith in ann seirbhísiú a dhéanamh orthu féin trí mheán na Gaeilge agus acmhainní atá acu agus acmhainní gur féidir leo a fháil a fhorbairt ar mhaithe le buanú an phobail Ghaelaigh agus a sliocht. Tá daoine in áiteanna éagsúla sa Ghalltacht anois ag dul i gcomhar leis an Ollscoil le Tionscnamh Eolas Pobail a chur chun cinn. Ach tá sé sin ar siúl idir an Ollscoil agus pobal na Gaeltachta le blianta fada agus tá úsáid bainte ag Comharchumann Shailearna, mar shampla, as an tseirbhís sin tríd an gcomhairle atá faighte ag an gComharchumann ó Áras Mháirtín Uí Chadhain i gcur le chéile a phlean straitéiseach trí bliana. Chomh maith leis sin, tá cúnamh faighte aige ó Áras na Gaeilge san Ollscoil sa tionscnamh ar Aonad Cúram Teaghlaigh a bhunú.

Feidhm

Tá i gceist ag Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge go mbeidh trí fheidhm ag an Acadamh: Go mbeidh teagasc, taighde agus comhairleoireacht ar siúl aige a chuideoidh le cumasú agus neartú na gceantar Gaeltachta agus na bpobal Gaeilge. Is dial suntais an obair atá déanta trí na cúrsaí rochtain atá reachtáilte i gCarna agus ar an gCeathrú Rua le cúpla bliain. Tá daoine ag fáil oideachas don dara seans agus ansin ag dul ar ais

ina bpobail féin. Tá an t-oideachas atá faighte acu á chur in úsáid tríd an fhostaíocht a gheobhaidh na céimithe nua ina bpobal féin in am agus i dtráth.

Ní dóigh go mbeadh Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge curtha chun cinn chomh luath murach an tacaíocht ollmhór a tháinig ó phobail Ghaeltachta ag iarraidh na hOllscolaíochta trí Ghaeilge. Tháinig sé sin go láidir ó Chumann Forbartha Chois Fharraige agus ó Chomharchumann Shailearna chomh maith leis an bhFóram do Phobal Iorras Aithneach agus Comharchumann Ghaoth Dobhair. Is iontach an spreagadh d'Ollscoil pobail ina habhantrach a fheiceáil ag iarraidh a cuid seirbhíse agus tá sé mar mhana ag an Acadamh agus ag an Ollscoil gur ceann dá n-aidhmeanna a bheith ag seirbhísiú an phobail.

Sa chás seo, táthar ag seirbhísiú phobal na Gaeilge sa Ghaeltacht agus taobh amuigh di. Táthar á dhéanamh sin ar mhaithe le tionscail eolas-bhunaithe agus teanga-bhunaithe a bheith lonnaithe sna pobail sin amach anseo – tionscail a chruthóidh fostaíocht den scoth don phobal agus ag an am céanna, tionscail nach gcuirfidh as do sheasamh na teanga faoi láthair ná sna blianta amach romhainn.

Tá sé tráthúil go bhfuil Acadamh na hOllscolaíochta Gaeilge bunaithe ag Ollscoil na hÉireann, Gaillimh seachtó bliain tar éis do Sheoirse Mac Thomáis a bheith ag iarraidh sin a dhéanamh. Is é an comhoibriú leanúnach a tháinig ó phobal na Gaeltachta thar scór blianta nó deich mbliana fichead a chinntigh go mbeadh idir stát, Ollscoil agus pobal ar aon phort ag iarraidh an oideachais agus na hoiliúna trí Ghaeilge a bheith á mbunú i bpobail Ghaeltachta ar mhaithe le inmharthanacht na bpobal sin.

Go deimhin, tá sé ráite go minic le hÚdaráis na hOllscoile agus aitheantas tugtha acu dó anois, go bhfuil na hOllscoileanna ar cheann de na fórsaí is láidre a ghríosaíonn pobail óga le bheith ag fágáil a bpobal in aois a seacht déag nó ocht déag de bhlianta. Cruthaíonn lonnú na ndaoine óga i gcathracha móra cleachtas a fhágann na pobail tuaithe dá n-uireasa, ní hamháin le linn dóibh a bheith ag fáil a gcuid oideachais, ach ar feadh a saol oibre chomh maith i go leor cásanna.

Mar fhocal scoir, is cinnte go bhfuil sé tuillte ag ceantar Chois Fharraige go bhfuil fo-ionad de chuid Áras Mháirtín Uí Chadhain lonnaithe i Seanscoil Sailearna agus in am agus i dtráth, is cinnte gur i méid a bheas an fo-ionad sin ag dul i réimse an teagaisc, an taighde agus na comhairleoireachta.

Eagraíocht Scoileanna Gaeltachta: Craobh an Iarthair agus na Mí

le Máire Ní Fhlathartaigh

Eagraíocht dheonach is ea Eagraíocht Scoileanna Gaeltachta a bunaíodh **Ei 1986 chun:**

- **Aontas a chothú idir na scoileanna Gaeltachta;**
- **Fóram a chruthú do na scoileanna Gaeltachta lena ndeacrachtaí a phlé agus a réiteach;**
- **Oideachas trí Ghaeilge a neartú agus a bhuanú i scoileanna Gaeltachta. Le roinnt blianta anois bhí Eagraíocht Scoileanna Gaeltachta, i gcomhar le Gaelscoileanna agus Comhdháil Naisiúnta na Gaeilge, fíorghníomhach i bhfeachtas a bhí ag éileamh struchtúr reachtúil oideachais le freastal a dhéanamh ar riachtanais na scoileanna Gaeltachta agus lánGhaeilge.**

Baineadh an t-éileamh sin amach sa Bhille Oideachais 1998. I mí na Nollag 2000, faoin mBille Oideachais, bunaíodh struchtúr reachtúil don oideachas trí Ghaeilge .i. An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta ar a bhfuil ionadaíocht ag Eagraíocht Scoileanna Gaeltachta.

Reachtáileann an Eagraíocht scéim Cúntóirí Teanga i scoileanna Ghaeltacht Chonamara, Mhaigh Eo agus Rath Cairn. An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta a dhéanann maoiniú ar an scéim. Thug an Eagraíocht múinteoirí eolaíochta Ghaeltacht Chonamara le chéile i Mí Márta seo caite agus cuireadh go leor moltaí agus éilimh ó na múinteoirí faoi bhráid na n-údarás cuí.

Beartais Eile

Tá an Eagraíocht ag plé beartais eile ina measc foilsíú ábhar a bailíodh ó bhunscoileanna agus cúrsa oiliúna do na cúntóirí a reachtáil. Seo cuid de na moltaí a chuir an Eagraíocht faoi bhráid na Comhairle i 2002:

- Suirbhé teangeolaíoch agus oideachasúil ar staid na Gaeilge sna Gaeltachtaí agus i scoileanna na Gaeltachta ag chuile leibhéal go práinneach. Pleanáil teanga riachtanach.
- Athbhreithniú ó bhonn ar churaclam na scoileanna Gaeltachta agus curaclam nua nó siollabas nua a leagan amach san áit a bhfuil gá

lena leithéid.

- Múinteoirí oilte lánaimseartha a cheapadh le Gaeilge a mhúineadh dóibh siúd go bhfuil gá acu lena leithéid – macasamhail na múinteoirí acmhainne nó feabhais. (iad seo a bheith *ex quota*).
- Athbhreithniú ar oiliúint agus ar chúrsaí inseirbhíse múinteoirí do scoileanna Gaeltachta, do chuile chineál múinteoir agus comhairleoir go mbíonn éileamh ag scoil Ghaeltachta ar a gcuid seirbhísí mar shampla, teiripe cainte / síceolaithe. A chinntiú go mbíonn líon áirithe mac léinn ón nGaeltacht ar na cúrsaí seo.
- Ionad Oiliúna Gaeltachta nó Ionad Teanga a bheith sa nGaeltacht le hoiliúint a chur ar a leithéid. Ardú an chaighdeáin iontrála sa Ghaeilge ó C3 go B a bheith riachtanach le dhul isteach i gColáiste Oiliúna.
- Struchtúr ceart dara leibhéal a chruthú do na hiarbhunscoileanna faoin gComhairle.

Coiste na hEagraíochta

Cathaoirleach: Máire Ní Fhlathartaigh, *Rúnaí:* Máire Denvir, *Cisteoir:* Caitlín Uí Chonghaile, *Baill:* Mairéad Ní Chualáin, Liam Puirseil, Dairíne Nic an Iomaire agus Pádraigín Uí Lionáin, Treasa Uí Mháirtín.

Oideachas Tríú Leibhéal agus Cumann Forbartha Chois Fharraige

le Brian Ó Baoill

Is le fada an lá atá leithcheal á dhéanamh ar an nGaeltacht maidir le cúrsaí oideachais. Breathnaigh ar a bhfuil le rá ag Brighid Bean Uí Mhurchadha, a rinne staidéar ar an gcás ina leabhar *Oideachas in Iar-Chonnacht sa Naoú Céad Déag*, “*Marach sólás an chreidimh, a choinnigh an misneach agus an croí ins na daoine i rith an ochtú céad déag, is cinnte nach mbeadh in ann dóibh ach aineolas agus an-uaisliú. Anuas go dtí 1782 bhí Caitliocaigh na hÉireann faoi sháil an bhráca.*” Agus, “*Idir na blianta 1695 agus 1829, is féidir a rá gur cuireadh i dtreis go hiomlán, le cabhair dlí agus deontas, gach seift dá raibh ar eolas ag lucht ceannais na tíre le Caitliocaigh na hÉireann a shacsanú agus a iompó.*”

Agus, ar ndóigh, ba iad na heagrais Phrotastúnacha, ar nós an Hibernian Bible Society, 1806 Baptist Society, srl., a fuair na deontais.

Sa bhliain 1825 rinne an Dr Kelly, D.D., scrúdú ar na scoileanna agus dúirt ina thuairisc: “*The English language is the only one taught in the schools for the poor.*” San *Statistical Survey of the County Galway 1824*: “*The use of the English language is increasing rapidly throughout the county, but in no part more than in Connemara, and generally with a good accent.*” Ar an taobh eile den scéal d’fhógair an iris, *The British Critic* in 1828, “*Connaught – a province to much of which the English language has scarcely reached*”.

Sa mbliain 1840 d’ordaigh Ard Easpag Thuama, Seán Mac Éil, ‘Leon an Iarthair’, na scoileanna náisiúnta sa bhFairche a dhúnadh. Scríobh an Rev. J. D’Arcy Sirr, D.D., sa mbliain 1845: ‘*In almost all the Roman Catholic chapels in Connaught the Irish language is employed in preaching to the people.*’ Ach, faoin mbliain 1856 bhí scoileanna, i measc scoileanna eile sa bhFairche, ag feidhmiú ar an Tulach, agus i Sailearna.

Micheál Breathnach

I Sailearna a bhí Micheál Breathnach, ón Lochán Beag, ina dhalta, agus léamh agus scríobh an Bhéarla amháin á múineadh ann, ach tá fhios againn an chaoi a sheas Micheál leis an nGaeilge, agus leis an oideachas Gaelach go lá a bháis. Ba mhór an inspioráid é Micheál Breathnach do mhuintir Chois Fharraige riamh anall agus tá sé mar a bheadh sé beo fós, an chaoi a labhrann óg agus aosta faoi, cé gur éag sé sa mbliain 1908, céad bliain ó shin, beagnach.

Cé a dhéarfadh nach mbeadh Micheál Breathnach – fear a dúirt, “*Ná habradh aon duine go bhfaighidh an Ghaeilge bás i gConamara. Ní bhfaighe an fhad is a bheas fraoch ar na sléibhte ná feamainn dhearg sna cladaigh.*” –

an-sásta le Cumann Forbartha Chois Fharraige. Ba léir riamh do Chumann Forbartha Chois Fharraige go mba oidhre é ar throid fhíochmhar idir dhá chultúr agus dhá theanga agus gur bhain oideachas go dlúth leis an troid sin. Agus nach é sin go díreach an dearcadh atá beo beathaíoch i gCois Fharraige inniu? Nach é sin an dúshlán, a dheimhniú go bhfíorófaí focail Mhichíl Bhreathnaigh, a chuir Cumann Forbartha Chois Fharraige roimhe ón lá a bunaíodh é? Ach cén chaoi?

An Cumann Forbartha

Bhí rialóir ar An Mhacadóin san 4ú céad, Philip, a dúirt: “*B’fhearr liom arm caorach le leon ina mbun ná arm leon le caora ina mbun.*” Ach céard faoi arm leon le leon ina mbun? Ar feadh na mblianta fada bhí Peadar Mac an Iomaire ina Chathaoirleach ar an gCumann Forbartha agus le linn na mblianta sin, throid sé go fíochmhar agus go héifeachtach. Forbairt an phobail a bhí mar chuspóir aige agus sa mbliain 1988 shocraigh an Cumann Forbartha ar £25,000 a thabhairt do Chomharchumann Sailearna le cúnamh a thabhairt dó Seanscoil an Chnoic a fhorbairt. Fostaíocht trí Ghaeilge, forbairt an phobail, cultúr na Gaeltachta, an Ghaeilge agus oideachas trí Ghaeilge, ba iad sin a chuspóirí. Arís, sa mbliain 1990, chuir An Cumann Forbartha £10,000 ar fáil do Scoil Shailearna. Léiríonn an cúpla sampla sin an spéis an bhí riamh ag an gCumann Forbartha i gcúrsaí oideachais trí Ghaeilge.

I mí Lúnasa 1995, agus an tAthair Micheál Ó Flannabhra S.P. ina chathaoirleach ar an gCumann Forbartha, cuireadh béim ar an oideachas tríú leibhéal agus rinne an Cumann Forbartha iarracht scoil ghnó trí Ghaeilge a bhunú i dTeach Thiarna Chill Ainín, scoil a bheadh ina shlánchuid de Choláiste na hOllscoile, Gaillimh, agus a bheadh ar fáil do phobal na Gaeltachta agus na Gaeilge.

Cúrsaí céime agus iarchéime sna hábhair ghnó agus forbairt tuaithe a bhí i gceist. Chomh maith leis na cúrsaí céime, bhí gearrchúrsaí a bheadh úsáideach d’aicmí éagsúla den phobal i gceist chomh maith, aicmí mar: Ceannródaíthe Clubanna Óige; Cinnirí Gaeltachta do Choláistí Gaeilge; Mná Lóistín; Baill Choistí Pobail agus Chomharchumann; Saoistí monarchana; Daoine dífhostaithe; Lucht turasóireachta; Pobal na Gaeilge thar lear; agus Feirmeoirí agus miontionsclóirí.

Iarradh ar Údarás na Gaeltachta an teach a cheannach. Rinneadh teagmháil leis le Coláiste na hOllscoile agus chuir Leas-Uachtarán an Choláiste, Gearóid Ó Tuathaigh, in iúl go raibh suim ag an ollscoil ann. Ar an drochuair, díoladh an teach sula raibh pleananna an Chumainn curtha i gcrích, ach lean an Cumann Forbartha ar aghaidh agus chuir sé litreacha go dtí an tÚdarás um Ard-Oideachas, Ollscoil na Gaillimhe, Údarás na Gaeltachta, an Roinn Ealaíon, Cultúr agus Gaeltachta, agus go dtí Teachtaí Dála an cheantair ag lorg a gcuid tacaíochta.

Ollchruinniú

Ansin d’eagraigh an Cumann Forbartha ollchruinniú in Áras Mháirtín Uí Chadhain ar an 15 Eanáir 1996. Seoladh cuireadh go dtí gach Coiste Pobail i gConamara ag iarraidh orthu ionadaithe a chur ag an gcruinniú. D’éirigh go hiontach leis an gcruinniú. Thug ionadaithe na gCoistí Pobail uilig i gConamara agus Árainn tacaíocht don mholadh ó Chumann Forbartha Chois Fharraige agus bunaíodh grúpa oibre ón ollchruinniú leis an éileamh ar Choláiste Gnó Tríú Leibhéal trí Ghaeilge a bhrú ar aghaidh. Chuaigh an grúpa i mbun oibre agus dhréachtaigh siad tuarascáil ar a tugadh CÚRSAÍ TRÍÚ LEIBHÉAL SA GHAELTACHT.

Éilíodh, sa tuarascáil, go raibh sé de chúram ar an Údarás um Ard-Oideachas féachaint chuige go soláthrófaí oideachas tríú leibhéal trí Ghaeilge sa Gaeltacht agus dúirt, “*Is é leas na Gaeilge féin agus leas an phobail a labhraíonn, a léann agus a scríobhann í, go ndéanfaí gach ábhar, gach gné de gach ábhar i gcúrsaí léinn a phlé tríd an nGaeilge.*”

Léirigh an tuarascáil gur thuig an grúpa nach bhféadfaí gach rud a bhaint amach thar oíche agus glacadh leis, ag cur staid na teanga i láthair na huair sa áireamh, go mbeadh gá le spriocanna gearra agus meántéarmacha. Rinne an tuarascáil cur síos ar an staid faoi láthair, ar na hábhair ar chóir tús áite a thabhairt dóibh, ar an tábhacht a bhain le forbairt ingearach maidir le soláthar na gcúrsaí trí Ghaeilge agus ar dhualgas an Údaráis um Ardoideachais cúram ceannródaíochta an oideachais trí Ghaeilge a ghlacadh air féin.

Moladh go mba chóir an leas is fearr a bhaint as an acmhainn foirne atá scaipthe i gcoláistí éagsúla agus rinneadh tagairt don chúnamh a thabharfadh an

nua theicneolaíocht. Rinneadh cur síos ar a thábhachtaí agus atá sé comhlúadar Gaelach a bhunú d’fhonn Gaeilge na macléinn a bhuanú agus chuige sin, ar ndóigh, ní bheadh áit ar bith níos feiliúnaí ná an Ghaeltacht. Chuideodh sé seo le leas eacnamaíochta na bpobal Gaeilge chomh maith.

Deineadh staidéar ar cheist na n-áiseanna teagaisc, ar chúiteamh do na ranna ollscoile a bheadh sásta teagasc a chur ar fáil trí Ghaeilge agus moladh Bord nó Coiste a bhunú i ngach coláiste d’fhonn struchtúr a thabhairt d’obair na Gaeilge. Leagadh amach Scéim Scoláireachtaí agus moladh go mba chóir Ionad Sealbhaithe agus Buanaithe Gaeilge a bhunú i ngach ceann de na príomhGhaeltachtaí.

Moladh go mba chóir an leas is fearr a bhaint as Mar fhocal scoir dúirt an tuarascáil, “*ba mhaith linn béim a chur ar phríomhábhar na cáipéise seo, i.e. a riachtanaí agus atá sé go mbunófaí Ionad Tríú Leibhéal sa Gaeltacht agus mar thacaíocht riachtanach don choincheap sin, go gcuirfí scéim scoláireachtaí, na háiseanna teagaisc, an soláthar foirne agus acmhainní cuí ar fáil, chomh maith le tacaíocht a bheith ar fáil d’iompar, do shealbhú agus do bhuanú Gaeilge na mac léinn i gColáistí tríú leibhéal na tíre. Is iad na seirbhísí siúd trí Ghaeilge sa Gaeltacht agus ar fud na tíre a neartóidh úsáid na Gaeilge thar thairseach na mílaoise.*”

Céim Ar Aghaidh

Tar éis don ghrúpa an Tuarascáil seo a chur go dtí an rialtas, go dtí ollscoileanna agus go dtí eagrais, polaiteoirí agus daoine aonair ar fud na tíre, scríobh Uachtarán Choláiste na hOllscoile, Gaillimh, Patrick Fottrell, chuig Cathaoirleach Chumann Forbartha Chois Fharraige, an tAthair Ó Flannabhra, ar 12 Feabhra, 1998, agus dúirt go raibh Coiste Teagmhála idir Údarás na Gaeltachta agus Ollscoile na Gaillimhe ar mhaithe le forbairt an léinn sa Gaeltacht bunaithe agus chuir sé cóip den cháipéis a chuir an Ollscoil chuig an Údarás um Ard-Oideachas, an Roinn Oideachais, Roinn na Gaeltachta agus go dtí Bord na Gaeilge.

“*Tabharfaidh tú faoi deara,*” ar sé, “*go bhfuil na moltaí a rinne do Choiste féin san áireamh sa cháipéis seo.*”

Scríobh Cathaoirleach Chumann Forbartha Chois Fharraige go dtí na coistí i gConamara agus Árainn d’fhonn tacaíocht na gcoistí, “*leis an gcoincheap, ‘Oideachas Tríú Leibhéal Trí Ghaeilge i nGaeltacht Chonamara’, a bhrú chun cinn mar a rinneadh cheana i 1995, 1996 agus 1997 trí chomhthionóil de na coistí pobail i gConamara,*” a spreagadh agus leanadh leis an obair go dtí Samhain 2001 nuair a bhí Cathaoirleach Chumann Forbartha Chois Fharraige in ann litir bhuíochais a chur go dtí Uachtarán Choláiste na hOllscoile, Gaillimh, as cinneadh na hOllscoile brú ar aghaidh go láidir leis an gcuspóir, ‘*Oideachas Tríú Leibhéal trí Ghaeilge sa Gaeltacht.*’

Aosach Chois Fharraige

le Pól Ó Foighil

I 1991 rinne Forbairt Pobal Teo., an Spidéal, suirbhé cuimsitheach ar riachtanas tithíochta d'Aosach Ghaeltacht Theas Chonamara (ó Bhearna go Carna). Léirigh toradh na hoibre sin go raibh éileamh mór ar thithe don Aosach agus go raibh thart ar scór demountable in úsáid ag seandaoine ag an am. Shocraigh Stiúrthóirí Forbairt Pobal Teo. (Pól Ó Foighil agus Aodán Mac Donncha) an scéal seo a chur ina cheart.



Súil ghéar á choinneáil ar na 'Cailíní Órga'!

I 1992, d'aimsigh siad suíomh a bhain le Comharchumann Chois Fharraige agus a bhí suite trasna an bhóthair ó Choláiste Lurgan, An Cnoc. Tar éis plé agus idirbheartaíochta bunaíodh Tearmann Ainnín Teo. agus roghnaíodh na daoine seo leanas mar Stiúrthóirí:

Donncha Ó hÉalaithe & Pádraic Willie Ó Fatharta (Comharchumann Chois Fharraige Teo.),
An tAth. Ó Flannabhra & Breandán Ó Tuairisc (Comharchumann Shailearna Teo.),
Pól Ó Foighil & Aodán Mac Donncha (Forbairt Pobal Teo.),

Sorcha Ní Dhonncha (Údarás na Gaeltachta).

I 1993 frítheadh cead pleanála (tar éis

achomhaire chuig an mBord Pleanála) le dhá theach déag a thógáil don Aosach agus d'oscail an tAire Leasa Sóisialaigh Michael Woods, T.D. an t-ionad i 1994. Is le cúnamh airgid an Roinn Comhshaoil a tógadh na tithe seo agus chuir Pobal Cois Fharraige airgead ar fáil leis na tithe a fheistiú agus a throscaí. Tá na tithe seo dílsithe go dlíthiúil in ainm Thearmann Ainnín Teo. agus Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tá riaradh agus bainistiú na dtithe faoi smacht iomlán na Stiúrthóirí a dhéanann a gcuid oibre go deonach. Tá na tithe ag feidhmiú le deich mbliana anois agus tá tionónta i chuile theach ó thuas ama go dtí an lá atá inniu ann. Chosain an fhorbairt seo €650,000.

Ba léir do Phól Ó Foighil nach raibh freastal sách iomlán déanta fós ar riachtanais tithíochta d'Aosach dheisceart Chonamara agus bhunaigh sé Tearmann Éanna Teo. Cheannaigh an comhlacht seo suíomh i 1997 ó Údarás na Gaeltachta ag an Tulach le tacaíocht Choiste Pobail na Tulaí. Réitigh na hailtirí (Niall Ó Céirín) plean do scór teach don suíomh agus tar éis trí iarracht d'éirigh leo cead pleanála a fháilt ó Chomhairle Chontae na Gaillimhe. Tógadh an scór teach i 2001/2002 agus tá tionónta i chuile theach agus iad á mbainistiú ag na Stiúrthóirí seo leanas:

Cathaoirleach: Pól Ó Foighil (Forbairt Pobal Teo.)

Rúnaí: Aodán Mac Donncha (Forbairt Pobal Teo.)

Coisteoirí: An tAthair Ó Flannabhra S.P.,

Coiste Pobal na Tulaí: Seán Breathnach (Coiste Pobal na Tulaí); Sorcha Ní Dhonncha (Údarás na Gaeltachta); Sarah Uí Mháille (Pobal Ar Aire); Mairéad Uí Neachtain (Buaille Cheoinín); Máire Uí Srutháin (Buaille Cheoinín); Katie Uí Chuláin (Forbairt Pobal Teo.)

Chosain an fhorbairt seo beagáinín le cois €1,000,000 agus d'éirigh leis na Stiúrthóirí 95% den chostas tógála a fháilt ón Roinn Comhshaoil trí Chomhairle Chontae na Gaillimhe. I 2001 tháinig an dá chomhlacht (Ainnín agus Éanna) le céile agus rinne siad iarratas pleanála ar Ionad Lae don Aosach a thógáil ag an Tulach. D'éirigh leo an cead pleanála a fháilt. Thosaigh an obair thógála i 2002 agus osclaíodh na doirse ar an 9ú Samhain 2003.

Is foirgneamh den scoth é seo atá mar áis do Phobal Aosach Chois Fharraige. Tá bainistiú agus riaradh an ionad seo faoi Choiste Deonach, ainmnithe ag Tearmann Éanna Teo. Chosain an togra seo €439,973 agus frítheadh an t-airgead ón:

Roinn Comhshaoil €184,789

Údarás na Gaeltachta €153,991

Tearmann Ainnín/Éanna €100,000

Ionad Sláinte do Phobal Indreabháin

Tá Tearmann Éanna Teo. tar éis cead pleanála a fháilt le hIonad nua Sláinte a thógáil taobh leis an Ionad Lae ar an Tulach. Cosnóidh an t-ionad seo €256,377 agus tá iarrtha acu ar Bhord Sláinte an Iarthair an t-airgead tógála a chur ar fáil faoi phráinn. Is mór an náire do Bhord Sláinte an Iarthair an faillí scannalach atá déanta acu le seirbhís riachtanach sláinte pobail a chur ar fáil i gCeantar na Tulaí. Tá Tearmann Éanna Teo. tar éis suíomh a thairiscint dóibh, tar éis cead pleanála a fháilt dóibh, tar éis tairiscint poiblí ar chostas tógála a fháilt dóibh agus fiú tá siad sásta an t-ionad a thógáil dóibh.

Ionad Cónaithe do Naonúr

Tá cead pleanála faighte ag Tearmann Éanna Teo. le Ionad Cónaithe a thógáil do naonúr a bhfuil fíorghá le háit chónaithe acu, faoi threoir agus faoi chúram Bhord Sláinte an Iarthair. Tá conraitheoir ceaptha don obair seo, a chosnóidh €836,180, agus tá muid ag súil le ceadú an airgid tógála gan mhoill agus é mar sprioc againn go n-osclófar an t-ionad i 2004.

Achoimre

1991/1992	Riachtanas tithíochta don Aosach aithinte ag Coiste Deonach	
1993/1994	Tearmann Ainnín – 12 teach	€650,000
1997/1998	Tearmann Éanna – 20 teach	€1,000,000
2001/2002	Tearmann Ainnín/ Tearmann Éanna, Ionad Lae	€ 450,000
2002	Tearmann Éanna (ceadaithe le tógáil), Ionad Sláinte	€280,000
2002	Tearmann Éanna (ceadaithe le tógáil), Scáth Tithíochta	€800,000



Nan Phaidí Mhic Dhiarmada, Bidín Uí Chualáin, Máirín Mhic an Rí (ar chúil) agus Peige Dhiarmada.

Pastime Chonamara – Ardán na nÓg



An aithníonn sibh mórán acu seo?

*Gach Cineál Clódóireachta
idir leabhair agus obair lándaite*

Is cuma muna bhfuil uait ach 10 gcóip lándaite is féidir linn é a dhéanamh ar *Digital Press* nó más mílte cóipeanna atá uait tá inneall nua 4 dhath againn.

Glaigh orainn i gcóir meastachán



CLÓDÓIRÍ LURGAN TEO.

Indreabhán, Co. na Gaillimhe.
Fón: 091-593251/593157. Fax: 593159.
Clólan na Gaeltachta agus na Gaeilge

Cois Fharraige agus an 'Quiet Man'

Filimína Uí Dhubhghaill

Imí Aibreán 1951 tháinig John Feeney, nó John Ford mar ab fhearr aithne air, ar cuairt go dtí an Chré Dhubh ar thóir a chol ceathar, Mikeen Bhríd Mháire nó Mícheál Ó Conghaile. Ba aintín le John Ford í a mháthair, i.e. Bríd Mháire agus Seán Mháire (athair John Ford). Bhí cion a chroí aige ar a shinsir agus theastaigh uaidh eolas a fháil faoina áit dhúchais.



Nóra agus Barry Fitzgerald ar sheit an *Quiet Man*.

Ag an am seo bhí faoi Ford an scannán "The Quiet Man" a dhéanamh i gCois Fharraige. Ar dtús shíl sé go mbeadh sé in ann an scannán a dhéanamh sa Spidéal (timpeall ar "Spiddal House") ach tar éis scrúdú a dhéanamh ar an áit thuig sé nach mbeadh dóthain spáis ann agus shocraigh sé ar an scannán a dhéanamh mórthimpeall ar Ashford Castle.



Maidhicín Bhríd Mháire (athair Nóra) as an gCré Dhubh, col ceathrar le John Ford.

Tháinig sé ar ais go hÉirinn i mí Meitheamh agus arís thug sé cuairt ar a ghaolta ar an gCré Dhubh agus ina theannta bhí Marion Michael Morrison – b'shin mar a chur sé in aithne John Wayne – ba chuma cén t-ainm a thabharfadh sé air ní aithneodh muintir na Cré

Duibhe é toisc nár chualadar riamh faoin aisteoir cáiliúil agus ní raibh tuairim na ngrást acu céard go díreach a bhí ar siúl ag a gcol ceathrar as Portland, Maine!

Chas John Ford le hiníon Mhaidhicín – Nóra Ní Chonghaile – a bhí ina bean óg, dathúil, ina cuid tríochadaí ag an am. Thug sé cuireadh di teacht leis go Conga ionas go gcloisfeadh na Meiriceánaigh Gaeilge á labhairt leis an "mblas" ceart!! Ar dtús dhiúltaigh sí, ach ní mba duine é Ford a ghlac le diúltú agus faoi dheireadh thug sí isteach ach ar choinníoll go

dtiocfadh beirt iníon le col ceathrar eile le Ford (muintir Uí Fhinneadha, as an Tuar Beag,) ina teannta. Chaith an triúr acu 6 seachtainí an samhraidh sin ag taisteal go Conga chuile mhaidin i gcarr a bhí ordaithe agus íoctha ag Ford chun iad a sheachadadh ann agus abhaile.

Nuair a bhí an scannán á tháifeadh bhí Nóra ina seasamh i bhfoisceacht cúpla coisméig do Maureen O'Hara agus í ag déanamh a "faoistine" as Gaeilge. Chomh maith le bheith páirteach sa scannán, is é seál Nóra a chaitheann Maureen O'Hara sa scannán – seál a máthar atá á chaitheamh ag May Craig agus báinín a hathar atá á chaitheamh ag Francis Ford.



Ó chlér, John Ford, Máire Mháirtín Ned Ní Fheinneadha, Pádraig Ford, Nóra Ní Chonghaile (Uí Chualáin) agus Bríd Mháirtín Ned Ní Fheinneadha.

RAIDIO

NA GAELTACHTA

www.rnag.ie

92 - 94 FM & 102.7FM

RTÉ

An Poitín Stil

**Tigh Phádraig Joe Joe
Mac an Iomaire**

An Lochán Beag, Indreabhán,

Co. na Gaillimhe

Fón: 091-593114

**Buail isteach agus lig do scíth
Beidh Fáilte Romhat!**

GS Gaelscript

Aistriúchán, Eagarthóireacht agus Comhairle Teanga Teo.

Seirbhís aistriúcháin, Béarla – Gaeilge, agus seirbhísí eile teangaireachta a chuireann Gaelscript Teo. ar fáil, agus úsáid á bhaint as córas TRADOS ar mhaithe le hardchaighdeán agus le comhsheasmhacht oibre dár gcustaiméirí. Oireann an córas seo do na formáid choitianta comhad: HTML, XML, SGML, InDesign, QuarkXPress, PageMaker, Ventura, Word agus RTF.

Gach eolas ó:

GAELSCRIPT TEO.,

Cor na Rón, Indreabhán, Co. na Gaillimhe.

Fón: 091-505555; Facs: 091-505113.


Ríomhphost: eolas@gaelscript.com.

Idirlíon: <http://www.gaelscript.com>.

Ionad Tacaíochta Teaghlaigh

le Caitlín Nic an Ultaigh

Aithníonn Comharchumann Shailearna, cosúil le gach pobal Gaeltachta eile, go bhfuil an Ghaeilge faoi bhrú sa gceantar de bharr na n-athruithe sóisialta atá tarlaithe le roinnt blianta anuas, agus gur gá anois tabhairt faoi seirbhísí tacaíochta teanga a chur ar fáil sa réimse is tábhachtaí ar fad don teanga – réimse an teaghlaigh. Ar na seirbhísí atá ag feidhmiú le tacaíocht an Chomharchumainn faoi láthair tá Naíonra Chois Fharraige agus Naíolann Sailearna. Tá na seirbhísí seo ag cur seirbhís cúram leanaí agus seirbhís réamhscolaíochta ar fáil atá pobal-lárnaithe agus teanga-bhunaithe. Tá na seirbhísí seo an-tábhachtach mar chuid d'infrastruchtúr oideachais, sóisialta agus pleanála teanga an phobail.



Aithníonn an Comharchumann, áfach, nach bhfuil sa Naíonra agus sa Naíolann ach gné amháin den raon seirbhísí atá riachtanach chun freastal ar na riachtanais atá ag tuismitheoirí an cheantair, agus chun tacú le cur chun cinn agus le buanú na Gaeilge mar theanga

teaghlaigh i gceantar Chois Fharraige. Aithníonn muid, freisin, gur gá tabhairt faoin bpleanáil teanga sa phobal ag an bpointe is luaithe gur féidir.

Ciallaíonn sé sin, gur gá dul i bhfeidhm ar thuismitheoirí faoin rogha atá le déanamh acu maidir le teanga an teaghlaigh – i bhfocail eile, iad a fháil chun an rogha sin a dhéanamh sula mbeirtear an páiste, agus chomh fada agus is féidir, sula bhfuil siad fiú ag smaoineamh ar pháistí a bheith acu.

Chuíge seo, is gá breathnú ar an aoisghrúpa ó bhreith go haois bunscoile mar aonad amháin, agus iarracht a dhéanamh na seirbhísí ar fad atá ag freastal orthu a

chomhtháthú in aon straitéis amháin. Feiceann Comharchumann Sailearna gurb é an bealach chun é sin a dhéanamh na trí Ionad Tacaíochta Teaghlaigh a bhunú a chumseoidh na seirbhísí ar fad atá i gceist.

Foinse

Príomhnuachtán Náisiúnta na Gaeilge



Foinse

An Cheathrú Rua,
Co. na Gaillimhe.
091 595520 Fón
091 595524 Faics
nuacht@foinse.ie r-phost

glac síntiús linn

Glacfar le fógraí pleanála i gceantar Chonamara
**Ar fáil Sna Siopaí Gach
Deireadh Seachtaine**



Tír Na nÓg

ceol agus craic

Beidh

Fáilte Uí Cheallagih
romhat



Indreabhán
Fón: 091-593853
Facs: 091-593863

Amharclann Chois Fharraige

SEANSCOIL SAILEARNA

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593017
Facs: 091-593715
Ríomhphost: cst@eircom.net

Aidhmeanna

Tá sé mar aidhm againn
go bhféadfar, tríd an
Ionad Tacaíochta
Teaghlaigh:

- Dul i bhfeidhm ar an
rogha teanga a dhéanann
tuismitheoirí ag baile trí
chúrsa réamhbhreithe
agus réamhphósta, a
mbeidh modúl ar theanga
an teaghlaigh mar chuid
dóibh, a thairiscint san
ionad.

- Seirbhísí
luathoidreachais agus
cúram leanaí teanga-
bhunaithe a chur ar fáil
do theaghlaigh a
thacóidh leo úsáid na
Gaeilge a threisiú sa
bhaile.

- Seirbhísí comhairleoireachta agus tacaíochta
teanga a chur ar fáil do theaghlaigh atá ag iarraidh
teanga an teaghlaigh a iompú ó Bhéarla go Gaeilge,
mar shampla teaghlaigh atá tar éis filleadh ar an
gceantar ó thar lear. Chuimseodh an tseirbhís seo
cuairteanna baile ó chomhairleoirí teanga chuig
tuismitheoirí atá ag iarraidh cur le húsáid na Gaeilge
sa teaghlach.

- Seirbhísí comhairleacha agus tacaíochta a chur ar
fáil do thuismitheoirí sa gceantar.

- Deiseanna a chur ar fáil do thuismitheoirí an
cheantair, go háirithe tuismitheoirí óga agus
tuismitheoirí atá bogtha isteach sa gceantar bualadh le
chéile go sóisialta.



Ag obair go cruai i Naíonra Chois Fharraige

Tá sé i gceist ag Comharchumann Shailearna ionad a
thógáil go speisialta chun:

- Go mbeidh sé tógtha go speisialta chun na críche
atá i gceist.
- Go mbeidh sé lonnaithe i suíomh atá oiriúnach ó
thaobh cúrsa tráchtta agus taistil agus go mbeidh
dóthain spáis pháirceála mar chuid den suíomh.
- Go gcuirfear riachtanais leanaí a bhfuil
riachtanais speisialta acu san áireamh i ndearadh agus
i leagan amach na n-áiseanna/seomraí a bheidh ann.
- Go mbeidh áiseanna/seomraí san ionad deartha
chun críche sainiúla, ar a n-áirítear forbairt scileanna
ceardaíochta, ceoil agus ríomhaireachta.

TOMHAIS

Cén ócáid nó áit a gcloisfeadh tú caint
ar na trí rud atá liostáilte le chéile thíos:

1. Fáslach, Eanach, Cis.
2. Buailteán, Colpán, Súiste.
3. Leamhnacht, Bláthach, Climirt.
4. Feoil chapaill, Spairteach, Sleán.
5. Cuinneog, Maistreadh, Loine.
6. Scolb, Gad, Iris.
7. Speal, Faobhar, Duimín.
8. Scealláin, Logáin, Cuasán.
9. Liúdramán, Máthairab, Criathar Meala.
10. Coirleach, Croisín, Climín.
11. Béiléiste, Éirlis, Dúthracht.
12. Losaid, Gabháil, Caiscín.
13. Cuireadh Cárta, Cuireadh Casáin, Cuireadh an Phíobaire.
14. Marbhfháisc, Clochar an Bháis, Dé dheiridh.

Freagraí ar lth. 26

Cumann Drámaíochta Chois Fharraige

le Bridie Mhic Chormaic, Rúnaí an Chumainn

Tháinig Cumann Drámaíochta Chois Fharraige le chéile den chéad uair i Márta 2001 chun drámaíocht trí Ghaeilge a chur chun cinn agus a chur ar fáil sa Ghaeltacht agus taobh amuigh de. D'fhreastal slua mór ar an gcruinniú. Roghnóidh Coiste ar an oíche agus pléadh cén dráma a bheadh oiriúnach dúinn a léiriú do lucht féachana na Gaeltachta. Ar ndóigh, tháinig muid uilig ar aon fhocal amháin sa deireadh, gur cheart dúinn dráma grinn a léiriú ar dtús. Bhí cineál deacracht againn teacht ar cheann a bheadh oiriúnach mar na cinn a roghnaigh muid, bhí siad léirithe cúpla uair cheana féin.

Cúpla mí ina dhiaidh sin, chuala mé féin faoin dráma seo a bhí dhá léiriú ag grúpa drámaíochta i gCo Ros Comáin. Dúradh liom gur dráma an-ghreannmhar a bhí ann a scríobh sagart as Maigh Eo, an tAthair Seán Mac Éil, faoi ghrúpa daoine sa gceantar a bhuaigh an LOTTO. Bhí go maith agus ní raibh go holc, níor stop mé féin agus beirt eile ón gCumann gur leaindeáil muid thuas i Ros Comáin ag léiriú a bhí ar siúl acu ansin. Is i mBéarla a bhí an dráma ach más ea féin bhí sé an-ghreannmhar. Shocraigh muid an oíche sin gurb é seo an dráma a léireadh muid. Chuir duine do na haisteoirí ó Ros Comáin cóip den script chugam sa phost an tseachtain dár gcionn.



Caitlín Nic an Ultaigh, Bainisteoir Chomharchumann Shailearna Teo. agus an tAire Éamon Ó Cuív ag oscailt Amharclann Chois Fharraige.

D'aistrigh Marc Mac Lochlainn, Branar Drámaíochta Teo., an dráma go Gaeilge dúinn, agus de réir mar a bhí muid féin ag cleachtadh an dráma bhí muid ag cur ár stíl Gaeilge féin air. Is i Halla na Tulaí agus i Seanscoil Sailearna a bhíodh na cleachtaí ar siúl againn.

Bhí an chéad léiriú againn i Seanscoil Sailearna ar an 13 Aibreán 2003. Cuireadh daoine ó dhoras ar an oíche, mar den chéad uair le fada an lá bhí halla i gConamara lán go béal. D'éirigh thar barr leis an dráma. Rinne an lucht féachana a ndóthain gairí



Ar Shlí na Fírinne arna léiriú ag Cumann Drámaíochta Chois Fharraige, 2003.

ar an oíche. Ní amháin sin ach dúradh linn go raibh sé thar cionn amach is amach agus tháinig cuid mhaith den lucht féachana cúl stáitse ag déanamh comhghairdeachais linn. An lá dár gcionn, bhí mé féin i Siopa an Phobail ar an gCnoc nuair casadh an bhean aosta seo orm. Dúirt sí go raibh sí ag an dráma agus go raibh pian ina cuid taobhanna ag gairí. Cheap sí gurb é an teiripe is fearr a bhí aici le fada an lá mar gheall ar an méid gairí a rinne sí. Tá sé iontach aiseolas mar sin a fháil mar tugann sé misneach agus spreagadh duit. Chuir muid léiriú eile ar siúl oíche lá arna mhárach agus bhí an halla lán go doras arís.

Níor stop muid anseo. Rinne muid dhá léiriú i dTeach a' Daingin agus dhá léiriú i Scoil Náisiúnta Mhic Dara, An Cheathrú Rua, i mí Bealtaine. Chroch muid ár gcuid seolta ansin agus rinne muid léiriú i Halla Pobail Inis Oírr. Bhí na hallaí lán go doras chuile oíche acu seo. Thóg muid sos ansin i rith an tSamhraidh.

Dul Chun Cinn

Leis an gcáil a bhí bainte amach ag an dráma, bhí muid ag fáil cuirí ó cheann ceann na tíre agus chomh fada ó bhaile le Chicago Mheiriceá chun an dráma a léiriú cúpla uair eile. Tháinig muid ar ais tar éis shos an tsamhraidh agus léirigh muid an dráma i Halla Pobail Thír an Fhia, i Halla Pobail Inis Meáin agus i Halla Pobail Chill Chiaráin i nDeireadh Fómhair na bliana seo.

Ar ndóigh, an dea-rud ar fad a tháinig as seo ná go ndearna an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, an oscailt oifigiúil ar ár nAmharclann féin, *Amharclann Chois Fharraige*, ar an 15ú lá de mhí na Samhna seo caite agus tá buíochas mór tuillte ag Caitlín Nic an Ultaigh agus an criú i gComharchumann Shailearna de bharr an éachta mhóir atá déanta acu an Amharclann seo a chur ar fáil sa gceantar le cúnamh flaitiúil ón Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta. Ní amháin go mbeidh an amharclann seo in úsáid ag lucht drámaíochta ach beidh sí ar fáil do choirmeacha ceoil agus araile chomh maith.

Tugadh cuireadh dúinn an dráma a léiriú san Irish American Heritage Centre i Chicago ar 28ú agus 29ú Samhain agus bhain an Cumann an-sásamh as an turas sin. Roimh ré chuir Agnes & Stephen Ó Maoilchiaráin thall i Chicago in iúl go raibh muintir Chonamara agus na Gaeltachta ar fad thall ansin ag súil go mór leis an dráma agus ba léir gur thaithnigh sé leo mar a tharla.

Tá go leor oibre ag baint le drámaíocht. Tá criú iontach ag Cumann Drámaíochta Chois Fharraige. Oibríonn muid uilig as lámh a chéile. Is bealach iontach é le cairde a dhéanamh chomh maith le neart misnigh agus spreagtha a thabhairt do duine. Chomh maith leis sin, tá cúpla duine eile, idir óg agus aosta, ag iarraidh a bheith mar bhall den Chumann an chéad bhliain eile. Beidh fáilte roimh chách.

Cumann Forbartha Chois Fharraige

le Pádraig Ó Héalaí

Féachann an Cumann le cruinnithe míosúla a reachtáil (lasmuigh de thréimhsí saoire) ag a ndírítear ar fhorbairtí fisiciúla agus cultúrtha a rachadh chun tairbhe don cheantair agus a chuirfeadh le saol an phobail.

Seo a leanas cuid de na tograí a bhí á gcur chun cinn ag an gCumann le tamall anuas:

- Rannpháirtíocht i gcomórtais Ghlór na nGael agus An Ghaeltacht Bheo agus bua bainte amach i ngach ceann acu.
- Brú a chur ar na húdaráis chuí glacadh le gnéithe de phlean forbartha bóthair agus taobh tíre, ó dhroichead an Spidéil go droichead Chromghlinne, plean a réitigh comhlacht suirbhéireachta, innealtóireachta agus comhairleoireachta ar iarratas ón gCumann. Dírítear sa phlean ar leasuithe a chuirfeadh le sábháilteacht bóthair, m.sh., cosáin do choisithe agus do rothair, línte bóthair, luasteorainneacha, fairsingiú ar bhéal bóithrínní, agus dírítear ann freisin ar fhorbairtí fisiciúla mar sconsaí slachtmhara agus stadanna bus faoi dhíon.
- Glanadh Reilig an Chnoic a eagrú.
- Maoiniú ar imeachtaí Chlub Óige Lurgan agus Chumann Mícheál Breathnach, ar chrannchur Choiste na Páirce agus ar Chumann Drámaíochta Chois

Fharraige, ar fhorbairt an Ionaid Lae i dTearmann Éinne agus ar fhorbairt Pháirc imeartha Ros an Mhíl.

- Aird a dhíriú ar dhainséar do dhaoine óga ó spraoithiomáint.

• Ócáid cheiliúrtha a eagrú sa Seanscoil do bhuaiteoirí i gcomórtais amhránaíochta an Oireachtais agus do Chlub Óige Lurgan, buaiteoirí an chomórtais *Seó Ardáin*.

• Oícheanta seanchais a eagrú i Seanscoil Shailearna, i gcomhar le Cumann Béaloidis Chonamara, ceann bunaithe ar sheanchas Chois Fharraige ag a raibh Pádraig Tom Bán Breathnach mar aoichainteoir, ceann ar Fhilí Bhaile na mBrabhach ag a raibh Peadar Mac an Iomaire mar aoichainteoir agus ceann eile fós ar sheanchas Pháraic a' Mháille ag a raibh Timín Joe Tim Ó Conghaile mar aoichainteoir.

• Cruinniú oscailte a eagrú ag a raibh Pádraig Ó Laighin mar aoichainteoir agus ag a léiríodh míshásamh le gnéithe de Bhille na dTeangacha Oifigiúla (2003). D'fhreastail an tAire Éamon Ó Cuív ar an gcruinniú seo.

• Páirt a ghlacadh sa phlé ar thodhchaí Theach an Spidéil ag éirí as cruinniú poiblí a reachtáladh ar an Spidéal i mí Lúnasa.

Bíonn fáilte mhór ag an gCumann i gcónaí roimh bhaill nua. Mas spéis leatsa bheith ar choiste an Chumainn, téigh i dteagmháil leis an Rúnaí.

Oifigigh agus baill Choiste an Chumainn

Cathaoirleach:
Pádraig Ó Héalaí

Rúnaí:
Sara Uí Scanláin

Cisteoir:
Séamas Ó Fátharta

Baill:
Gormlaith Ní Thuairisc, Máirtín Davy Ó Coisdealbha, Páraic Willie Ó Fátharta, An tAth. Mícheál Ó Flannabhra; Pól Ó Foighil, Seán Ó Raighne, Seán Ó Tuairisc, Breandán Ó Tuairisc.




Grúpscéim Uisce Dhoire Choill, 2003

Athrú Ré i gColáiste Cholmcille

le Breandán Ó Callaráin

Bhí saol crua ag gach duine sna caogaidí. Le theacht an leictreachais, tháinig feabhas i gcaighdeán maireachtála beagnach chuile dhuine. Ag dul isteach i gComhphobal Eacnamaíochta na hEorpa sa bhliain 1972, cuireadh deiseanna fostaíochta agus eacnamaíochta ar fáil don tír nach raibh ann cheana. Tháinig an réabhlóid ríomhaireachta sna hochtóidí agus an Tíogar Ceilteach sna nóchaidí.



Seoladh Staidéar an Chúrsa Óige

Roseanna Ní Chéidigh, Ciarán Ó Conghaile, Penelope Ní Mhaoileoin, Páidín Ó Griallais.

I dtús na mílaoise nua seo, tá béim mhór ar shaoirse agus ar chearta daonna. Tá athruithe móra millteacha feicthe ag aon duine atá meánaosta nó níos sine. D'fhreastal Coláiste Cholmcille ar riachtanais oideachasúla dhaoine óga Chois Fharraige le linn na hathraithe seo, ó hosclaíodh an scoil i 1955. 'Sé an dearcadh oideachais a bhí i gColáiste Cholmcille riamh, agus atá ann go dtí an lae inniu, ná buanna nádúrtha an duine a aithneachtáil agus deiseanna a chur ar fáil chun na buanna sin a fhorbairt. Is é misean na scoile ná:

1. Freastal ar riachtanais oideachasúla na scoláirí ionas go mbainfidh siad amach na torthaí is fearr atá ar a gcumas.
2. Freastal ar riachtanais phearsanta na scoláirí chun féinmhuinín, féinmheas agus forbairt mhorálta a chothú.
3. Meas a chothú ar ár n-oidhreacht Ghaelach, ar an teanga Ghaelach agus ar ár gcultúr Gaelach.
4. Atmaisféar cairdiúil, spreagúil a chur ar fáil sa scoil.



Bairbre Ní Churraoin; Máire Uí Ghiobúin, Cumas Teo.; Róisín Ní Chiardha agus Rebecca Gibbons.

Tá a fhios ag cách go bhfuil an Ghaeilge faoi bhrú ó gach thaobh. De bharr rogha stáisiúin teilifíse, forbairt theicneolaíocht na faisnéise agus eastáit tithíochta nua a bheith á dtógáil ar fud na Gaeltachtaí, tá líon na ndaoine a bhíonn ag labhairt Gaeilge go laethúil ag titim. Chun grá don teanga agus don chultúr a spreagadh i meoin na scoláirí, tá réimse imeachtaí breise á dhéanamh i gColáiste Cholmcille.

Ceardlanna

Bíonn ceardlanna don scríbhneoireacht chruthaitheach ar siúl go rialta agus tugtar cuireadh do aoisríbhneoirí cáiliúla teacht chuig an scoil chun labhairt le grúpaí éagsúla. Tá cáil bainte amach ag aisteoirí na scoile i bhFéile Náisiúnta Drámaíochta na Scol agus éiríonn go maith le foirne díospóireachta na scoile.

Tá gach gné de shaol na scoile á dhéanamh trí mheán na Gaeilge. Tugadh aitheantas do thábhacht na Gaeilge sa bhliain 2000 nuair a d'oibrigh múinteoirí, tuismitheoirí agus scoláirí le chéile chun Plean Gaeilge na Scoile a fhoilsiú.

Bhí traidisiún mór spóirt riamh i gCois Fharraige agus tá sé seo le feiceáil go soiléir leis an méid clubanna peile agus sacair, agus áiseanna den scoth, atá sa gceantar. Tá an-chomhoibriú idir an scoil agus na clubanna seo chun feabhas a chur ar scileanna agus ar imirt na n-imreoirí. Cuireadh le himeachtaí spóirt an Choláiste i mbliana nuair a ghlac foirne sacair páirt sna comórtais idir-scoileanna den chéad uair. Cabhraíonn an pháirc

nua uileaimsire, a hosclaíodh sa bhliain 2001, go mór le forbairt na gcluichí agus le forbairt aclaíochta na scoláirí, rud atá fíorthábhachtach inniu agus muid ag cloisteáil an oiread faoi dhaoine a bheith róthrom agus neamh-aclaíoch.

Chomh maith le cluichí foirne, tá an-suim sa gcadhcáil, sa dreapadóireacht sléibhe agus in imeachtaí eachtraíochta eile.

Imeachtaí Breise

Amanntaí bíonn faitíos ar dhaoine go gcuirfeadh na

himeachtaí breise seo isteach ar dhul chun cinn oideachasúil an scoláire. Ní hamhlaidh sin. Feiceann muid, bliain i ndiaidh bliana, gur fearr a éiríonn le scoláirí a bhíonn gníomhach sna himeachtaí breise ná na scoláirí nach mbíonn.

Nuair a mhothaíonn daoine go maith fúthu féin, nuair atá féinmheas acu, nuair atá féinasmacht acu, úsáideann siad an fhéinmhisnéach agus na scileanna sin chun foghlaim níos fearr. Ar an meán, éiríonn le os cionn 80% de scoláirí ardteistiméireachta Choláiste Cholmcille áit a fháil i gcoláistí tríú-leibhéal agus téann tuairim is 55% de na scoláirí go dtí an Ollscoil go bliantúil.

De bhrí go raibh traidisiún teicneolaíochta sa scoil riamh, téann scoláirí ar aghaidh chun printiseachta a dhéanamh chuile bhliain. Tá sé an-sásúil an méid iarscoláirí atá féinfhostaithe a fheiceáil agus iad ag cur fostaíochta buan ar fáil do go leor daoine eile.

Cloisimid go leor sa lá inniu faoi chearta daonna. Ar an taobh eile den gcothromóid seo, tá freagracht an duine i gceist. I gColáiste Cholmcille, tugtar deis do scoláirí féinfhorbairt a chleachtadh i ngach gné dá saol, ó chúrsaí smachta go cúrsaí foghlama mar is gearr go mbeidh orthu go léir é seo a chleachtadh mar bhaill den phobail. Ba chóir don chóras oideachais daoine óga a réiteach do ghnáthimeachtaí an tsaoil. Is dúshlán mór é seo do scoil ar bith ainneoin chomh sciobtha is atá athruithe ag tarlú. Táim an-mhuiníneach go bhfuil Coláiste Cholmcille in ann don dúshlán seo.

Forbairt Scoil Sailearna

le Máire Denvir

1971: Tógadh an scoil nua agus bhí cúigear múinteoirí ann.

1998: Osclaíodh na seomraí nua agus an Halla mór spóirt san scoil. Chosain an fhorbairt seo £500,000 agus tháinig £302,876 ón Roinn Oideachais; £82,250 ó Roinn na Gaeltachta; £115.074 ón bPobal – sin £500,100 san iomlán.

2000: Cuireadh cloigeann nua ar an scoil ar chostas £56,812.50

Forbairt Nua

3/11/1998 – Réitíodh plean nua don scoil le freastal ar an méadú mór ar líon na ngasúr.

26/3/1999 – Bhí glactha ag an Roinn Oideachais leis an iarratas ar mhéadú na scoile.

Ceapadh ailtire (Douglas & Wallace) le pleananna a réiteach don fhorbairt nua. Bhí cúig sheomra breise i gceist chomh maith le leabharlann agus seomra do thuismitheoirí. Bhí sé i gceist chomh maith méadú a chur le halla na scoile, stáitse a chur leis agus tuilleadh

leithris agus seomraí stórála a thógáil. Chuir an t-ailtire costas de €2,000,000 ar an obair ar fad agus bhí trí chuid le bheith sa bhforbairt:

1. Cosán agus bóthar ó thuaidh, agus carrchlós ar mhaithe le sábháilteacht na ngasúr.
2. Seomraí nua taobh thiar den scoil,
3. Seomraí nua taobh thoir den halla, seomraí ó thuaidh agus méadú ar halla na scoile.

Ghlac an Roinn Oideachais le céim 1, 2 agus 3 den fhorbairt ar 31/12/2001 agus ag tús na bliana 2003 lig an Roinn Oideachais dúinn cead pleanála a lorg do chuid 1 den fhorbairt - an bóthar ó thuaidh agus clós páirceála.

Gheall an Roinn Oideachais deontas nach rachadh thar €100,000 don chuid sin den obair agus thug Roinn na Gaeltachta gealltanas ar dheontas chomh maith. Gheall Bord Bainistíochta na scoile an méid a bheadh i gceist orthu féin, mar sciár áitiúil, a íoc le costas Chuid 1. den fhorbairt a ghlanadh. D'íoc Bord Bainistíochta na Scoile €38,000 le fiacha an Ailtire a ghlanadh ar an obair atá críochnaithe.

23/1/2003 – De réir an liosta forbartha a d'fhoilsigh An Roinn Oideachais, tá Sailearna sa gcúigiú áit i gCo. na Gaillimhe.



D'iarr an Coiste Bainistíochta seomra teanga ar an Roinn Oideachais mar chuid den fhorbairt seo. Chreid an coiste an t-am sin agus creideann i gcónaí go bhfuil gá le seomra mar seo ar na cúiseanna seo a leanas.

1. Ranganna Gaeilge do thuismitheoirí. Tá oiread áirithe de thuismitheoirí na scoile nach as an gceantar seo dóibh agus ar an ábhar sin tá géarghá le seirbhís múinte teanga dóibh a chuirfeas ar a gcumas an freastal cuí a dhéanamh ar a gcuid páistí agus a chuideos leo an uasleas a bhaint as a gcuid oideachais i scoil Ghaeltachta. Tharla an líon sin a bheith chomh mór, agus tharla nach féidir teanga a mhúineadh gan ranganna rialta, níl aon amhras faoi ach go mbainfí úsáid an-mhinic as a seomra seo dá phríomhaidhm, múineadh na teanga.
2. Creideann an Bord go gcuireann an tAcht Oideachais 1998 an dualgas orainne mar Bhord Bainistíochta i gceantar Gaeltachta, an tseirbhís seo a chur ar fáil. Cuireann an tAcht seo de dhualgas sainiúil ar an scoil cuidiú le polasaithe bunaithe agus sealbhaithe Gaeilge sa cheantar, agus cultúr agus traidisiún an cheantair a chaomhnú.
3. Tá Scéim Chúntóirí Gaeilge bunaithe sna ceantair Ghaeltachta ar fad, arna maoiniú ag an Roinn Ealaíon, Oidhreacht, Gaeltachta agus Oileán, ina bhfostaítear cainteoir oilte Gaeilge leis an teanga a mhúineadh sna scoileanna. Ar an ábhar sin beidh an duine seo lonnaithe sa scoil againn go buan agus teastóidh spás leanúnach uaidh/uaithi le dualgais an phoist a chomhlíonadh go sásúil.

Tharla gur d'fhonn múineadh na teanga atá an seomra seo á lorg, beidh an cúntóir teanga in ann fearais teagaisc (taifeadáin, téipeanna fuaime agus físe, cairteanna, nótaí agus ceachtanna, ríomhaire, teilifís - fearais uilig na dea-mhúinteoireachta) a fhágáil faoi réir na hoibre sa seomra seo.

Cuideoidh sé seo ar bhonn oideachasúil le leanúnachas an teagaisc agus dá réir sin le dea-thoradh a bhaint amach maidir le spreagadh na teanga i measc thuismitheoirí agus daltaí araon.

4. Tá an Bord suite de freisin go mbainfear leas eile as an seomra teanga seo mar seo thíos:

- * oideachas aosach, oideachas den dara seans agus ranganna litearthachta do thuismitheoirí na scoile agus do phobal an cheantair fré chéile; cúrsaí lae a bheadh i gceist anseo a d'fheilfeadh go háirithe do thuismitheoirí a mbeadh a gclann ag an scoil san am céanna a gcuirfí na cúrsaí ar bun.

- * léachtaí agus cúrsaí oiliúna do thuismitheoirí i gcomhar leis na forais oideachais sa cheantar (m.sh., Áras Mháirtín Uí Chadhain, Muintearas na nOileán, Eagraíocht Scoileanna Gaeltachta, srl.). Creideann Bord Bainistíochta Scoil Sailearna, ar na cúiseanna thuasluaite uilig, go bhfuil géarghá leis an seomra teanga má táimid le misean sainiúil na scoile, mar a shainítear san Acht Oideachais 1998 é, a chomhlíonadh chun leasa ár ndaltaí, ár dtuismitheoirí agus phobal uilig an cheantair.



Scoil Náisiúnta Sailearna

le Fearghas Mac Lochlainn

Cuireann muid romhainn i gcónaí i Scoil Sailearna, an Ghaeilge agus cultúr na Gaeilge a chur chun cinn. Cuirtear an bhéim i gcónaí ar na gasúir a mholadh agus a spreagadh le Gaeilge a labhairt. Tugtar aitheantas don iarracht i gcónaí agus gríosáinn muid na gasúir le a bheith d'ilis don Ghaeilge agus a bheith mórálach aisti. Anuraidh, mar shampla, ghlac gasúir páirt i bhFéile Scoildrámaíochta na Gaillimhe. Cé nár bhaineadar amach aon duais chuireadar an-taispeántas ar siúl agus bhaineadar fhéin an-sult as freisin. B'iontach an spreagadh dhóibh a bheith ag léiriú dráma Gaeilge ar ardán na Taibhdheirce.

Bhí comórtas agallaimh bheirte ar siúl istigh i Rang a 6 agus fuair buaiteoirí an chomórtais deis an t-agallamh a léiriú ar TG4! Ag deireadh na bliana eagraíodh ceolchoirm bheag le slán a fhágáil le Rang a 6. Chuir na gasúir taispeántas den chéad scoth ar siúl, idir amhráin, cheol, agallaimh bheirte, sean-nós agus damhsa seite. Idir chuile mhír a bhí ag Rang a 6, bhí cuid den tallann áitiúil ann freisin. Bhí scéal againn ó Jimmy Chearra (a bhuaigh an chéad áit ag Oireachtas na bliana seo), cúpla stéibh ó Shíle Ní Scanláin (buaiteoir sean-nós faoi 18 anuraidh), agus bhí fothramán breá ceoil againn ó Johnny Óg Ó Conghaile agus Breandán Mac Craith. Bhí céapar damhsa ar an sean-nós againn ó Sheosamh Ó Neachtain (buaiteoir ag Oireachtas na bliana seo), agus agallamh beirte ó Eoin Ó Raighne agus Dónall Ó hÉalaithe a bhain an-gháirí amach.

B'iontach spreagúil an ócáid í. Chonaic na gasúir saibhreas teanga is cultúrtha a n-áit dhúchais fhéin agus go deimhin bhíodar fhéin mar chuid lárnach den taispeántas agus den ócáid seo. Tá rún againn sa Meithimh seo chugainn leanacht leis an nós seo. Ag Oireachtas na bliana seo i dTrá Lí, bhí seachtar as Scoil Sailearna ag glacadh páirt sa sean-nós agus sna hagallaimh bheirte. Cé nár thugadar leo aon duais mhór, b'iad iarscoláirí na scoile a thug leo an chéad agus an dara háit sna hagallaimh bheirte!

Amach Romhainn

Tá pleananna eile ar na bacáin againn freisin. Tá rún againn páirt a ghlacadh i gCór na nÓg, le cúnamh Dé, an bhliain seo chugainn. Beifear ag cur dlúthdhiosca nua le chéile go luath, *Rabhlai-Rabhlai Chonamara*, agus

is iad gasúir na scoile seo a bhéas lárnach sa taifeadadh sin - a bhuíochas do Thadhg Mac Dhonnagáin, Cathaoirleach Choiste na dTuismitheoirí. Is iontach an t-ádh atá orainn sa scoil go bhfuil thuismitheoirí chomh tacúil againn agus coiste gníomhach atá an-ghafa i saol na scoile. Níl dabht ar bith faoi, is iontach an t-ádh atá orainn an fhoireann atá againn sa scoil.

"Mol an Óige agus tiocfaidh sí". Murach

an moladh agus an spreagadh agus suim, dúthracht agus tallann na múinteoirí, ní bheadh toradh dhá réir le feiceáil ar na gasúir. Ní dhéantar faillí ach an oiread ar ghasúir atá ar bheagán Gaeilge sa scoil. Tá múinteoir sealadach againn sa scoil a bhíonnas ag freastal ar ghasúir a thagannas chun na scoile ar bheagán Gaeilge. Leis an gcúnamh breise seo, beidh na gasúir sin in ann a bheith iomlán páirteach i saol na scoile agus ar a gcompord ag labhairt Ghaeilge gan mórán achair.

Ach i ndeireadh an lae, is iad na tuismitheoirí na chéad mhúinteoirí agus na príomh-mhúinteoirí a mhúinfeas teanga dá gcuid



gasúr gan aon dabht. Mar atá ag tarlú i chuile Ghaeltacht ar fad na tíre, caithfear a admháil go bhfuil brú an Bhéarla ag méadú i gcónaí i gceantar Chois Fharraige. Níl aon neart ar seo, is cuid den tsaoil é agus tá an saol ag athrú. Tá an "strainséar sa gcúinne," (an teilifíseán) i chuile theach anois agus ní féidir a shéanadh an tionchar a bhíonn aige seo ar theanga an teaghlaigh. Ina theannta sin tagann daoine nua isteach sa gceantar, gan mórán Gaeilge b'fhéidir, agus ar ndóigh fáiltíonn muid rompu.

Labhairt na Gaeilge

Molann muid do chuile thuismitheoir a bhfuil Gaeilge acu í a labhairt lena gclann ón tús. Níor cheart fanacht go dtosóidh na gasúir ar scoil. Beidh nósmaireacht teanga cothaithe faoin am seo agus é an-deacair a athrú. Sé an baile an suíomh is fearr agus is nádúraí le teanga a fhoghlaim. Foghlaimíonn gasúr óg líofacht agus saibhreas teanga sna blianta tábhachtacha seo sul má thosaíonn sé ag an scoil. Foghlaimíonn siad teanga i ngan fhios dhóibh fhéin gan aon anró sa suíomh seo.

Ba mhór an trua an saibhreas nádúrach seo atá ag

an gcainteoir ó dhúchas a cheilt ar do ghasúr. Ná bíodh faitíos ar bith ort nach bhfoghlaimíodh siad Béarla! Tá an lá sín thart agus Béarla in ár dtimpeall ins chuile áit!

Mura bhfuil Gaeilge ach ag tuismitheoir amháin, b'fhiú go mór don tuismitheoir sin neart Gaeilge a labhairt leis na gasúir agus neart deiseanna a thabhairt dhóibh í a chloisteáil. An gasúr a thosaíonn ag an scoil gan aon Ghaeilge, tá sé/sí faoi mhíbhuntáiste ón tús, mar go múintear chuile ábhar trí mheán na Gaeilge sa scoil. Déanann sé seo an saol níos deacra don ghasúr, don mhúinteoir agus don rang ar fad. Is fearr go mór fada an tuismitheoir sa mbaile, ná múinteoir teanga dá fheabhas é/í le teanga a mhúineadh do ghasúir.

Ná ceil an saibhreas atá agat ar do ghasúir! Ní haon ualach orthu an teanga!

Is tuar dóchais iad gasúir Scoil Sailearna. Tá an dea-cháil agus an dea-obair ag dul ó neart go neart. Scaipfidh an clú atá bainte amach ag gasúir na scoile agus beidh Scoil Sailearna mar shampla ag scoileanna na Gaeltachta. Le spreagadh, le díograis agus le comhoibriú idir an scoil agus an baile, níl a fhios céard is féidir linn a bhaint amach!



Ag Racáil sa Halla Mór i Scoil Sailearna.

Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta

le Dónall Mac Giolla Bhríde, Cathaoirleach

Tá Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teoranta ar a chosa sa phobal anois le sé bliana déag, ó bunaíodh é i 1987. Is fada atá an Comhar Creidmheasa tagtha ar aghaidh ón bhfís a bhí ag an ngrúpa a tháinig le chéile i 1986 chun an geimhreadh a chaitheamh ag foghlaim faoi rialacha feidhme do chomhar creidmheasa. Bhí an grúpa den tuairim ag an am go mbeadh suas le 400 duine sa phobal ag iarraidh ballraíochta agus gur mhór an t-éacht é dá mbeadh £400,000 (timpeall €500,000 in airgead an lae inniu) sábháilte ag na baill sin. Is iomaí athrú atá tagtha ar an saol sa tír seo ó shin agus is dóiche go bhfuil sé áiféiseach a bheith ag déanamh comparáide idir mhianta sna blianta 1986/87 agus saol na bliana 2003 ach, fiú nuair a thógtar sin san áireamh, is beag a cheapfá i 1987 go mbeadh 5,000 ball i gComhar Creidmheasa Cholm Cille agus timpeall €15 milliún sábháilte acu ag aon am.

An Ceantar Feidhme

Nuair a bunaíodh é, bhí sé i gceist go mbeadh an Comhar Creidmheasa ag freastal ar cheantar ó na Forbacha go Casla, ach ba ghearr go raibh sé soiléir go raibh éileamh láidir ón taobh thiar agus leathnaíodh amach an ceantar feidhme chun go síneadh sé ó na Forbacha go Leitir Mealláin agus ó thuaidh chomh fada le Scríob. Timpeall 5 bliana ó shin bunaíodh comhar creidmheasa in Uachtar Ard agus tá seirbhís chomhair chreidmheasa ar fáil anois ag ceantar Gaeltachta dheisceart Chonamara ar fad sa tseirbhís a chuireann na comhair chreidmheasa Cholm Cille, Uachtar Ard agus An Chaisil ar fáil. Tá na ceantair eile, amach chomh fada le Bearna agus i dtreo Mhaigh Cuilinn faoi chúram na gcomhair chreidmheasa i gCathair na Gaillimhe. Ní féidir, gan amhras, dearmad a dhéanamh ar Oileáin Árann a bhfuil a gComhar Creidmheasa féin acu.

Comhar Creidmheasa i saol an lae inniu

Is minic a chloisfeá ráite é go bhfuil comhair chreidmheasa ag fás agus ag méadú agus gur mó cosúil le bainc cuid acu anois. Ní aon locht ar áit é a bheith ag fás agus thosaigh mé amach go deimhin sa phíosa scríbhneoireachta seo ag déanamh gaisce faoin bhfás atá tagtha ar Chomhar Creidmheasa Cholm Cille ó bunaíodh é i 1987. Is í an fhadhb, áfach, ná go mbíonn a bhrú féin ag baint le fás agus le forbairt. Bíonn an brú sin ceangailte le seirbhísí níos iomláine a

chur ar fáil, costais a bhainistiú agus nithe eile mar iad, agus tá an baol ann ag an am sin go gcaillfear an ceangal pearsanta atá ag an gcomhar creidmheasa leis an bpobal. Tá an ceangal sin bunaithe ar an mbunphrionsabal gur leis na baill an comhar creidmheasa.

Leis an bhfás atá tagtha ar Chomhar Creidmheasa Cholm Cille bíonn ar an mBord Stiúrtha aghaidh a thabhairt ar chuid de na ceisteanna sin ó am go chéile. Bunaíodh an Comhar Creidmheasa in am gur mó suim a bhí ag na bainc sa duine le post buan agus ioncam seasmhach. Bhí feiceáil níos fearr ag comhair chreidmheasa eile a bunaíodh siar chomh fad le tús na 1960' daí ar an saol sin inar cuireadh fáilte sna bainc roimh choigiltis ach nach raibh sé chomh héasca sin iasacht a fháil. D'fhás gluaiseacht na gcomhar creidmheasa mar go raibh siad ag cur seirbhíse ar fáil don phobal ina gceantar féin faoina raibh deis ag na daoine airgead a shábháil agus iasachtaí a fháil as an gciste airgid a bhí sábháilte ag na baill uile.

Tá an saol athraithe anois, dár ndóigh, agus fógraí i chuile nuachtán agus ar an teilifís chuile lá ag tairiscint iasachtaí d'aon duine atá sásta iad a thógáil. Fágann sin go bhfuil comhair chreidmheasa i ngach áit ina suí ar shuimeanna móra airgid - tá na baill sásta a gcuid airgid a shábháil sa chomhar creidmheasa mar go bhfuil ráta maith díbhinne á íoc leo gach bliain ach tá an mhargaíocht ag dul i bhfeidhm orthu agus téann siad chuig an mbanc don iasacht.

Tá Comhar Creidmheasa Cholm Cille ag feidhmiú ar an bprionsabal gur ar son na mball atá muid ann. Íoctar ráta díbhinne chomh hard agus is féidir gach bliain agus tá an ráta úis a ghearrtar in ann coimhlínt leis an iasacht bhainc. Cuimhnigh, agus tú ag fiosrú faoi iasacht arís, nach bhfuil aon chostais bhreise i gceist le do iasacht ón gcomhar creidmheasa.

An Scéim SSIA

Is mór an méid cainte a bhí faoin scéim SSIA nuair a fógraíodh ar an margadh í sa bhliain 2001. Dóibh siúd nár oscail cuntas SSIA, ní fiú a bheith ag caint faoi anois ach táim á lua mar shampla de dheis a thug Comhar Creidmheasa Cholm Cille do phobal na háite leas a bhaint as scéim a d'fhógair an Rialtas agus go mba léir go raibh buntáiste ann d'aon duine a bhí in ann páirt a ghlacadh inti. Ag am ina raibh eagrais airgeadais eile ag iarraidh go síneofa ordú seasta don tsuim chéanna airgid gach mí agus go mbeadh do chuid airgid curtha isteach agat go luath sa mhí, shocraigh an Comhar Creidmheasa bealach i bhfad níos simplí chun páirt a ghlacadh sa scéim. D'fhéadfá siúl isteach san oifig aon lá gnó agus cibé cúpla Euro (íosmhéid €10) a bhí áisiúil agat ar an lá a chur isteach sa scéim. Dá mbeadh an méid céanna agat an lá dár gcionn chuirfí fáilte romhat arís. Chonaic riar mhaith ball buntáiste sa mhodh imeachta seo agus tá timpeall €80,000 in aghaidh na míosa (íocaíocht an Rialtais san áireamh) á shábháil ag na baill ag an am seo. Shocraigh an comhar creidmheasa córas feidhme do pháirtíocht sa scéim a rinne éasca don phobal é agus is breá go bhfuil tairbhe á bhaint as.

Cúrsaí Cánach agus DIRT

Tá córas nua cánach aontaithe ag an Roinn Airgeadais faoinar féidir dualgaís chánach maidir leis an díbhinn ar do chuid scaireanna sa chomhar creidmheasa a chomhlíonadh trí chead a thabhairt cáin a bhaint as do dhíbhinn sula n-íoctar leat é. Baintear an cháin as an díbhinn ag ráta 20% agus comhlíonann sin do dhualgaís chánach go hiomlán ar an díbhinn sin. Tá an córas seo á fheidhmiú ag Comhar Creidmheasa

Cholm Cille ó fógraíodh é agus cáin á bhaint as díbhinn aon bhall a d'iarr orainn é sin a dhéanamh. Mura bhfuil úsáid á bhaint agat as an gcóras seo labhair le foireann na hoifige agus cuirfidh siad an t-eolas cuí ar fáil duit. Ní bhainfear cáin as díbhinn aon bhall gan treoir i scríbhinn ón mball sin roimh ré, ach is fiú sin a dhéanamh más gá duitse cáin a íoc ar an díbhinn, ag brath ar do chúinsí.

An Bord Stiúrtha agus Coistí eile

Tá an Bord Stiúrtha, agus baill na gcoistí eile atá ag déanamh tréanobair chun a chinntiú go bhfeidhmíonn Comhar Creidmheasa Cholm Cille go héifeachtach, ag tabhairt a gcuid ama go deonach. Má tá fonn ortsa, mar bhall, a bheith páirteach in aon cheann de na coistí sin, nó a bheith mar bhall den bhord stiúrtha, tá fáilte romhat d'ainm a chur chun tosaigh roimh an gCruinniú Chinn Bliana aon bhliain. Is minic gurb í an fhadhb daoine a fháil atá toilteanach oibriú go deonach ar an mbealach sin agus is mór an moladh atá ag dul do na daoine sin a thugann a gcuid ama gach bliain. Ní féidir an t-ábhar sin a fhágáil gan buíochas a ghlacadh freisin le foireann na hoifige a oibríonn go dian dícheallach chun a chinntiú go bhfuil an obair déanta ó lá go lá.

Focal Scoir

Tá Comhar Creidmheasa Cholm Cille mar chuid lárnach den phobal ag an am seo agus úsáid mhaith á bhaint as ag na baill. Tá fáilte romhatsa, mura bhfuil tú i do bhall cheana féin, cuntas a oscailt agus a bheith mar pháirt den Chomhar Creidmheasa. Má tá tú i do bhall cheana féin agus buntáiste a fháil agat as na seirbhísí agus ag ráta flaithiúil díbhinne, iarraidimid ort cuimhniú ar an gComhar Creidmheasa an chéad uair eile atá iasacht uait. Gheobhaidh tú amach go bhfuil an Comhar Creidmheasa in ann coimhlínt leis na hinstiúidí móra airgid ó thaobh costas iasachta. Má tá tú i do bhall agus suim agat a bheith páirteach i riaradh an Chomhair Chreidmheasa, tá fáilte romhat d'ainm a chur chun tosaigh ag an gCruinniú Cinn Bhliana nuair a bhíonn coistí nua á roghnú don bhliain amach romhainn.

FREAGRAÍ NA TOMHAISE (lth. 15)

- | | | |
|--------------------|------------------------|--------------------|
| 1. Ar an bportach | 8. Cur fhataí | Scór: 12 – 14, |
| 2. Bualadh coirce | 9. Sa gcoirceog | Ard-onóracha |
| 3. Réiteach bainne | 10. Baint fheamainne | 10 – 12, Go maith |
| 4. Baint mhóna | 11. Ar an aonach | 7 – 10, Pas |
| 5. Déanamh ime | 12. Déanamh cáca | Faoi 7, Siar ag na |
| 6. Déanamh cléibh | 13. Ag bainis | Naíonáin Mhóra! |
| 7. Baint fhéir | 14. I seomra an bháis. | |

Cumann Micheál Breathnach

Cóilín Ó Neachtain

Bliain chiúin go maith a bhí ag Cumann Micheál Breathnach ar pháirc na himeartha i mbliana i gcomparáid le blianta beaga anuas. D'eirigh leis na peileadóirí a n-áit a choinneáil sa nGrád Idirmheánach cé go mb'éigean dóibh fanacht go dtí cluiche deireadh na sraithe in aghaidh na Ceathrún Ruaidh le haghaidh é sin chinntiú. Chuir iománaithe an Chumainn sárthaispeántas ar fáil agus an mí-ádh orthusan nach bhfuil craobh an Chontae acu i ngrád Sóisear C i mbliana. Is léir go bhfuil an obair atá ar bun faoi aois sa bpeil agus san iomáint ag dul chun sochair don chumann. Chaill an fhoireann Sóisear A a stádas agus is i sraith B a bhéas siad ag imirt an chéad bhliain eile. Go deimhin bhí na foirne Sóisear A agus C lagtha go mór i mbliana, mar go raibh roinnt mhaith gortaithe ag cur isteach ar na foirne. Chuaigh foireann Faoi-21 an chumainn go dtí cluiche ceathrú-ceannais an chontae sa nGrád A, ach cloíodh d'aon phointe amháin iad tar éis cluiche cruca.

Tá an imirce ag bualadh an Chumainn aríst mar go bhfuil daoine óga ag fágáil an cheantair ag tabhairt faoi chathracha móra an Domhain. Dála an scéil, ní de bharr easpa fostaíochta ag baile atá sé seo ag tarlú ach aos óg na linne seo ag iarraidh an Domhain Mór fheiceáil dhóibh fhéin. I mbliana den chéad uair ariamh, d'imir na foirne faoi aois ar fad i nGrád A peile sa gContae agus thaispeáin siad go raibh siad chomh maith le formhór na bhfoirne atá sa ngrád seo. Buaileadh an fhoireann faoi-10 agus faoi-13 i gcluiche ceannais sraithe na cathrach agus an fhoireann faoi-11 sa gcluiche leathcheannais. D'imir an fhoireann faoi-12 ceithre cinn fhichid de chluichí i rith na bliana; buaileadh iad i gcluiche leathcheannais an Chontae sa gcomórtas Craobhe agus sa tSraith. Bhí an mí-ádh orthu i gcluiche ceannais Chorn Uí Chadhain nuair a fuair Bearna an ceann is fearr orthu.

Cuairteoirí

Chuir imreoirí agus tuismitheoirí fáilte mhór roimh fhoireann Phort Laoise go dtí an ceantar i gcomhair Fhéile na nÓg a bhí ar bun i gContae na Gaillimhe i lár an tsamhradh. Bhí foireann láidir sa ngrád seo ach frítheadh an ceann is fearr orthu i gcluiche ceannais

sraithe an Chontae agus i gcluiche leathcheannais craobhe an Chontae. Thug na peileadóirí faoi-16 an corn leo i gComórtas Peile na Gaeltachta do Chonamara ach frítheadh an ceann is fearr orthu i gcluiche leathcheannais sraithe an Chontae. Bhí sárbhliain ag iománaithe faoi-12 an Chumainn agus thug siad leo craobh an Chontae i nGrád C 1 in aghaidh Chill Choniarainn. Is fiú súil a choinneáil ar an bhfoireann seo sna blianta atá le theacht. Bhí na foirne ar fad ag imirt i ngrád níos airde sa iomáint i mbliana chomh maith de bharr chomh maith agus a d'eirigh leo le blianta anuas. Frítheadh an ceann is fearr ar fhoirne faoi-14 agus faoi-16 an Chumainn i gcluiche ceathrú-ceannais an Chontae. Thug foireann faoi-13 bliana deag an chumainn an lá leo i gcluiche ceannais sraithe na cathrach.

Tá sárobair á dhéanamh ag na Bainisteoirí agus na daoine éagsúla atá bainteach leis na foirne seo ach má bhíonn am le spáráil agat agus suim agat láimh chunta a thabhairt, cuirfear fáilte i gcónaí roimhe sin. Caithfear cuimhniú i gcónaí gurb iad seo todhchaí an chumainn agus go deimhin an cheantair, ó Ros a' Mhíl go dtí Abhainn an Spidéil.

Forbairt

Tá obair mhór déanta ar an bhforbairt atá le tógail le taobh na Páirce agus tá súil go mbeidh cead pleanála á lorg don togra seo roimh an Nollaig. Ba mhaith leis an gCumann a mbuíochas a chuir in iúl don phobail a cheannaigh na ticéid le haghaidh an chrannchuir a heagraíodh níos tuisce i mbliana. Mar a dúirt Cathaoirleach an Chumainn, Mánuis ó Conghaile, oíche na tarraingte, "chonaic muid spiorad i measc óg agus sean an cheantair, a thug faoi dhíol na dticéad seo, nach raibh le feiceáil le fada an lá sa gceantar".

Ní mhór freisin a thabhairt chun cuimhne an méid a bhí le rá ag Joe Connolly, iariománaí de chuid na Gaillimhe, an oíche ar sheol sé an Crannchur forbartha, maidir le cúrsaí ólacháin agus iompair shóisialta dhaoine óga, "muna gcuirtear imeachtaí ar fáil do na daoine seo sa lá atá inniu ann beidh an áit siar leis sna blianta atá amach romhainn".

An cuspóir atá ag an gCumann ná Spórtlann den scoth a thógáil, áit a mbeidh fáil ag óige agus ag aosach an cheantair ar áiseanna de ardchaighdeán.

Cuirfear áiseanna spóirt, caitheamh aimsire agus siamsaíochta ar fáil san ionad ar an gCnoc. Mar atá a fhios ag na daoine a bhíonn ag obair le heagraíochtaí deonacha, cosnaíonn sé cuid mhaith airgid Cumann mar seo a choinneáil ag imeacht. Faoi láthair cuireann an Cumann 25 foireann chun páirce i ngrádanna éagsúla, sa bpeil agus san iomáint. Anuraidh, bhí costais de €60,000 i gceist leis an gcumann a choinneáil ag imeacht agus i mbliana tá seans go mbeidh sé cuid mhaith níos mo na sin. Murach an Lotto agus an méid airgid a thugtar isteach ar imeachtaí eile a bhíonn ag an gCumann, ba dheacair a shamhlú cén chuma a bheadh ar an spóirt sa gceantar.

Tá obair mhór amach roimh an gCumann sa mbliain atá romhainn maidir le himeachtaí ar an bpáirc agus cúrsaí forbartha, ach má bhíonn tacaíocht láidir le fáil ón bpobal ar a bhfuil an Cumann ag freastal, is cinnte go n-éireoidh linn na spriocanna sin a aimsiú, mar is rud é sin a bheas thar a bheith tábhachtach don cheantar sna blianta amach anseo.



Caipitín fhoireann peile Mhicheál Breathnach, Tadhg Ó Curraidhín ag glacadh Corn Chonnachta ó Uachtarán CLG Chonnachta, Pádraig Ó Braonáin.

Cumann Liathróid Láimhe Mhichíl Bhreathnaigh

le Séamus Ó Fátharta



Na Máistrí Diamainte agus a mboinn, Tadhg Ó Curraidhín agus Colm Ó Cualáin.

Is iomaí lá agus oíche mhaith le céad bliain anuas atá caite sa bParóiste seo ag imirt an chluiche ársa, liathróid láimhe. Níl aon dabht mar sin fhéin nach í seo an bhliain is fearr fós, leis an ngaisce a rinne Timín Joe Tim Ó Curraidhín agus Colm Mharcais Ó Cualáin i dtús na bliana, nuair a rug siad leo Craobh na hÉireann sna Máistrí Diamainte Grád B sa bPinniúr 40 x 20. Ní ba leor sin dóibh, áfach, nó go ndearnadar an beart céanna sa Samhradh sa bPinniúr 60 x 30. Ní hé chuile bhliain a dtagann boinn uile-Éireann go dtí an Paróiste.

Máistrí Órga

Chuaigh Pádraic Tim Ó Conghaile agus Pádraic Willie Ó Fátharta go dtí an cluiche ceannais sna Máistrí Órga agus tá súil acu a dhul an bealach ar fad an bhliain seo chugainn. D'eagraigh an Cumann Comórtas Scothimreoirí na hÉireann i mbliana chomh maith, an chéad uair go raibh a leithéid in Éirinn. Bhí an scoth ó cheithre hairde na hÉireann ar an gCnoc i mí Meán Fómhair agus thug siad sárthaispeántas. Bhí taispeántas ón dá chailín is fearr in Éirinn ann freisin.

Is é Pól Ó Brádaigh agus Antoine Ó hÉalaithe a bhí le bheith ag coimhlint a chéile sa gcluiche ceannais ach bhí ar Phól dul abhaile maidin Domhnaigh le himirt le na chumann i gCraobh Chontae an Chabháin sa bPeil – imríonn Pól do fhoireann peile a Chontae chomh maith. Is é Eoghan Ó Cinnéide, a bhí sa 3ú háit, a chuaigh i gcoinne fhear Chorcaí ansin, ach ní raibh an Bleá Cliathach in ann aige siúd dubh bán ná riabhach ar an lá.

Ba iad an Cabhánach agus an Corcaíoch a bhí i gcoinne a chéile sa gCraobh Domhanda agus bhí an bua ag an mBrádach ar éigin. Bhí na himreoirí faoi dhraíocht ar chloisteáil na "Teanga Gaeilge" chomh nádúrtha agus iontas na n-iontas orthu an chraic agus an gháire a bhí againn linn féin.



Joe Tim (nach maireann) agus Máire Joe Ó Curraidhín as an gCnocán Glas, athair agus máthair Timín Joe Tim na liathróide láimhe.

Eagrú

Bhí obair mhór le déanamh leis an gcomórtas seo a eagrú agus tá a bhuíochas sin go mór mór ag dul do Dhonncha Ó Faoláin ó Mhaigh Cuilinn, Cathaoirleach an Chúige agus an Chontae, agus do Timín Joe Tim se'againn fhéin. Bhí costas €1,200 ar an deireadh seachtaine agus tá buíochas mór ag dul do na hurraithe seo leanas: Raidió na Gaeltachta, Udarás na Gaeltachta, Specsavers, KPH, Cunningham Higgins Motor Co., Suites Supreme, Tigh Chualáin agus Eoghan Ó Sullivan Insurance. Thug Dunnes Stores bia le haghaidh an dá lá agus thug Clada Minerals neart le n-ól. Ní raibh ocras ná tart ar éinne. Má bhí aon lucht le fáil ar an deireadh seachtaine ba ganntanas lucht féachana é. Tá súil le comórtas eile a eagrú an chéad bhliain eile.

Focal Scoir

Chuaigh Timín agus Colm go Cill Chainnigh i mí Deireadh Fómhair le páirt a ghlacadh sa gcomórtas Domhanda. Rinne an bheirt acu thar barr dul chomh fada leis an gcluiche Leathcheannais sa gcomórtas singil agus marach go raibh gortaithe piocadh suas acu b'fhéidir gur scéal mór a bheadh againn. Anois céard a déarfá leis an "Man Behind the Bar?" Nár laga Dia iad!

Páirc an Chnoic

le Pádhraic Tím Ó Conghaile

Nuair a bunaíodh Cumann Micheál Breathnach go deireadh, i 1966 -1967, bhí caint ar pháirc a thógáil agus ag cruinniú cinn bhliana 1967 moladh coiste na páirce a chuir le chéile. Tugadh "Coiste na Páirce Teo." ar an gcoiste seo. Sí an aidhm a bhí acu sin ná suíomh a fháil agus páirc a chur ar fáil. San am sin, bhíodh peil dhá imirt ar an gCreach Oileáin sa Samhradh nuair a bhíodh an aimsir go breá. Bhí caint ar pháirc a dhéanamh anseo, agus bóthar a dhéanamh aniar ó bhóthar an Locháin. Ansin fuair an coiste suíomh ó Choimisiún na Talún san áit ina bhfuil *Hydro Marine* anois. Dhíol an Coiste an suíomh seo le Gaeltarra Éireann, sé sin Udarás na Gaeltachta faoi láthair. Ag an am sin socraíodh talamh a bhí ag an bparóiste ar an gCnoc a iarraidh ar an Easpag Breathnach, a bhí ina Ardeaspag ar Thuaim ag an am, agus fuair siad 8 n-acra den 11.5 acra talún a bhí ansin.

Is ag an am seo a bunaíodh Coiste Airgid na Páirce. Is í an aidhm a bhí acu siúd ná airgead a bhailiú don pháirc, rud a rinne siad trí chrannchur, trí bhailiúchán a dhéanamh ó theach go teach, díolachán earraí, siúlóidí, imirt chártaí, chomh maith le deontais ó Roinn na Gaeltachta agus cúnamh ón gComharchumann, ón gCumann Forbartha, agus ó eagraíochtaí eile.

Sa mbliain 1975 a thosaigh siad ar fhorbairt na páirce agus is iad coiste an airgid a thóg cúram iomlán na páirce orthu fhéin, is é sin an pháirc a thógáil agus an t-airgead a bhailiú. Sa mbliain 1976 shocraigh an coiste cúirt liathróid láimhe a thógáil chomh maith le seomraí feistis.

Sa mbliain 1980, d'oscail siad an chúirt liathróid

láimhe go hoifigiúil, agus i 1982 rinneadh an pháirc a oscailt go hoifigiúil. Bhí Comórtas Peile na Gaeltachta ar siúl ar an bpáirc i 1981 agus arís i 1992.

Sa mbliain 1986 bunaíodh coiste nua, *Coiste Forbartha na Páirce*, agus é mar aidhm acu na lochtanna a bhí ar an bpáirc a leigheas agus an suíomh ar fad a réiteach amach, mar aon le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an bpáirc. Sa bhliain 1986 cuireadh Scéim SES (FÁS) ar siúl den chéad uair.

Scéimeanna

Idir 1986 agus 1992, tógadh seomraí feistis nua, rinneadh athchóiriú ar an bpáirc comh maith le draenáil agus síol féir a chur sa bpáirc. Tógadh an tArdán ag an bpáirc. Cuireadh bhalla cloiche le bóithrín an Chnoic siar le bóithrín Dhonnchú; cuireadh díon nua ar an gcúirt liathróid láimhe agus eangach ar chúl na gcuailí.

Sa mbliain 1989 ceannaigh an coiste 3.5 acra de thalamh an pharóiste ar £5,000 chun páirc thraenála a dhéanamh. Cuireadh sconsa siar le Bóthar an Rí, comh maith, leis an bpáirc bheag thraenála a fhorbairt. Tógadh seomra tráchtairachta ar chúl an Ardán.

Ní raibh aon scéim ann i 1992/93 ach cuireadh balla blocanna tímpeall ar an bpríomhpháirc comh maith le draenáil agus píopaí a chur tímpeall ar an bpáirc bheag thraenála, agus an síol féir á chuir síos.

Scéim 94/95 – rinneadh an balla idir an dá pháirc a thógáil, an tArdán ag an bpáirc a phéinteáil, agus caoi a chur tímpeall Shéipéal an Chnoic.

Le scéim 1996/98 rinneadh sconsa a thógáil leis an taobh thiar agus thuaidh den pháirc. Tógadh seomraí feistis nua ar an taobh thiar don pháirc. Rinneadh tímpeallacht na páirce a réiteach chun cuidiú le slacht na háite. Cuireadh pláistéireacht ar chúl an Ardáin, agus comh maith leis sin bhí obair cothabhála le déanamh ar an bpáirc, ar Choláiste Lurgan, ar Thearmann Ainnín, agus an scoil náisiúnta.

Ní raibh aon scéim ann ó 1998 go dtí 1999. Rinneadh na nithe seo a leanas leis na scéimeanna a bhí ann ón mbliain 2000 go dtí an lá atá inniu ann: Fód nua curtha ar áiteacha ina raibh sé ag teastáil ar an bpáirc; Eangach nua ar chúl na gcúl; Draenáil agus fód nua a chuir ar áiteacha ina raibh sé ag teastáil ar an bpáirc; Obair chothabhála déanta ar an bpáirc; Obair chothabhála ar na seomraí feistis; Péintáil agus glanadh; Stór nua tógtha ar an taobh thiar don pháirc; agus sconsa curtha le Coláiste Cholmcille.

Faoi láthair tá méadú á déanamh ar na seomraí feistis atá le taobh an phinníuir. Tá mé cinnte go bhfuil go leor eile déanta ag scéim FÁS ar shuíomh na páirce seo nach bhfuil mise in ann cuimhniú air faoi láthair. Is dócha nach mbeidh deireadh go deo leis an obair atá le déanamh tímpeall ar an suíomh seo. Ba chóir aire a thabhairt dó.

Ní Bhíonn Tú Óg Ach Scaitheamh

le Siorcha Uí Scanláin

Is i gColáiste Lurgan a thagann déagóirí an cheantair le chéile gach oíche Aoine, ó Mheán Fómhair go Bealtaine. Tá suas le trí scór ball cláraithe leis an gClub i mbliana. Is ar an gceantar ó Abhainn an Chnoic siar go dtí abhainn Chromghlinne a fhreastalaíonn an Club Óige air. Tá an Club ina bhall den eagraíocht Óige an Iarthair, a bhíonn ag thabhairt tacaíochta agus comhairle i dtaobh árachais agus seirbhísí eile atá ar fail do na clubanna óige. Is iad tuismithoirí na ngasúr a dhéanann cinnireacht ar an gClub Óige le blianta beaga anuas. Tugann iarbhaill an chlub an-chúnamh freisin le ceol agus drámaíocht agus damhsa a réiteach i gcomhair stáitse an Oireachtais agus seónna eile.



Dian-imirt na nÓg

Le roinnt blianta, glacann an Club Óige páirt i gcomórtais an Oireachtais cibé áit a mbíonn sé á reachtáil. Cuireann na gasúir seó ardáin ar siúl agus ní thagann siad ar ais folamh ón Oireachtas, mar thug siad an chéad áit leo sa seó ardáin le cúpla bliain anuas. Glacann siad páirt sna comórtais agallamh beirte agus dreas cainte – gan dearmad a dhéanamh ar an spraoi agus ar an spóirt a bhíonn acu ag an mórshiúl a bhíonn eagraithe ag Scléip na hÓige.

Tá duaiseanna bainte amach acu ag comórtais drámaíocht a bhíonn á eagrú go bliantúil ag Óige an Iarthair. Glacann an Club páirt i gcomórtas a reachtálann Club Óige na nOileáin i dTír an Fhia agus faigheann siad seans bualadh le gasúir ó chuile cheard den tír agus ó Oileáin Árann ag na comórtais seo. Eagraíonn an coiste roinnt comórtas taobh istigh den Chlub féin, mar shampla Trá na gCeist, agus anuraidh, den chéad bhliain, bhí comórtas grianghrafadóireachta acu. Déanann siad ranganna damhsa ar an seannós, ranganna garchabhracha agus roinnt ceardaíochta Aimsir na Nollag, bíonn seisiúin de chearúil ar siúl ag na

gasúir taobh amuigh de Shiopa an Phobail agus bailíonn siad roinnt airgid do eagraíochtaí carthanachta sa gceantar. Deanann muid comhghairdeas le gasúir a Chlub Óige a thug duaiseanna abhaile aríst i mbliana ón Oireachtas i dTrá Lí. Dia go deo libh!

Cumann Camógaíochta Chois Fharraige

le Máirtín Ó Dubhghaill

Bunaíodh an Cumann seo i 1981 le freastal ar chailíní an cheantair a bhí ag iarraidh iománaíocht a imirt. Tá 90 ball sa chumann ó cheantar Chois Fharraige, i.e. ó na Forbacha siar go dtí an Cheathrú Rua. Bíonn an Cumann páirteach sna comórtais a ritheann Coiste Chontae na Gaillimhe agus Coiste Iarthar na Gaillimhe sna grádanna seo a leanas: Faoi-10, Faoi-12, Faoi-14, Faoi-16, Faoi-18 agus Sóisear. Bíonn tréanáil ag na cailíní ar Pháirc na mBreathnaigh ar a 4.00 i.n. chuile Dé Sathairn agus tá fáilte i gcónaí roimh bhaill nua.

Buaicphointí an Chumainn

- 1989: Corn an Chontae sa ghrád Sóisear B
- 1989, 1990, 1991: Corn Iarthar na Gaillimhe (Sóisear)
- 1999, 1993, 1994: Corn an Iarthair Faoi-14 agus Faoi-16
- 1995, 1996: Corn an Iarthair Faoi-18

Ghlac muid páirt sa Chomórtas Pancheltech nuair a bhí sé ar siúl i nGaillimh agus bhuaigh muid an Comórtas Camógaíochta a bhí á reachtáil ag Oireachtas na Gaeilge i nGaillimh i lár na nóchaidí.

Bhí an fhoireann Faoi-14 páirteach i gComórtas Féile na nGael dhá bhliain as a chéile 1992 agus 1993 agus táimid an-mhórtasach gur muid an t-aon

Chumann Gaeltachta atá cláraithe le Cumann Camógaíochta na nGael.

Cailíní ón gCumann a d'imir le Foireann an Chontae:

Sóisear : Martina Ní Ghábháin (1986).

Faoi-14: Siobhán Ní Mhaoileoin (2001), Aoife Ní Neachtain (2001), Méadhbh Ní Eadhra (2001), Siobhán Ní Dhubháin (2002, 2003), Niamh Ní Mhaoileoin (2002, 2003), Aedín Ní Fhátharta (2003), Léan Breathnach (2003), Sinéad Mercier (2003).

Tá muid ag tnúth leis an lá go bhfeicfidh muid imreoirí ón gCumann seo againne roghnaithe ar fhoireann Shinsir an Chontae chomh maith!



Buaiteoirí Chorn an Iarthair faoi-16, 1995

Coiste an Chumainn:

Cathaoirleach:

Mícheál Ó

Coisdealbha;

Leaschathaoirleach:

Martina Ní

Ghábháin; **Cisteoir:**

Pádraig Mac

Fhlannchadha;

Oifigeach Caidrimh

Poiblí: Bríd

Bleasdale; **Rúnaí:**

Máirtín Ó

Dubhghaill.

REILIG AN CHNOIC

Pól Ó Foighil

Bunaíodh Coiste i 2002 leis an dá Reilig a choinneáil glan, néata agus slachtmhar. Tagann Baill an Choiste (agus daoine eile nach bhfuil ar an gCoiste) le chéile go deonach go seachtainiúil (Dé Máirt) leis an obair seo a chur i gcrích, ó lár Bealtaine go tús Dheireadh Fómhair.

Bhí obair an-mhór le déanamh i mbliana sa mhéid is gur éirigh leo Seanreilig an Chnoic (a osclaíodh 1907) a ghlanadh. Bhí fíor-dhroch-chaoi ar an Reilig seo le blianta. Níl an obair fheabhsúcháin críochnaithe go hiomlán fós ach tá súil againn buaileadh faoi arís i 2004. D'éirigh linn tarmacadam a chur ar na cosáin uilig sa Reilig nua chomh maith le *kerbstones* a shocrú. Bailítear an dramhaíl agus an bruscar cúpla uair sa mbliain. Tá sé tugtha faoi deara againn go bhfuil suim an Phobail i gcothabháil a gcuid uagheanna ag treisiú in aghaidh na bliana. Tugann sé misneach dúinn go bhfuil sé seo ag tarlú.

Dar ndóigh, bíonn muid ag súil le cúntóirí breise

chuile bhliain. Theastódh tuairim is seisear eile cúntóirí don bhliain seo chugainn a bheadh sásta uair an chloig a chaitheamh chuile dara Máirt leis an obair ghlantacháin a dhéanamh níos éasca dúinn uilig.

Costais 2003

Seo iad na costais agus na fáлтаis a bhí i gceist in imeacht na bliana seo atá caite:

Costais: €2,675; Síntiús Pobail: €1,380; Síntiús Co. Co.: €1,270; Fuilleach: €(€25).

Tá an Coiste fíorbhuíoch don Phobal a thug síntiúis dúinn agus dóibh siúd a thus cúnaimh agus nach bhfuil ar an gCoiste.

Tograí do 2004


- An tSeanreilig a athchóiriú
- Ballaí cloch a thógáil ag an Reilig nua
- Stór a thógáil don trealamh a bhaineann le uaigh a oscailt

Coiste na Reilige: Pól Ó Foighil (*Eagraí*), Seán Ó Srutháin, Máirtín Ó Curaidhín, S. Ó Neachtain, Tom Johnny Frank Breathnach, Stiofán Ó Conchubhair, Séamus Ó Conchubhair, Seán Ó Cúláin, Katie Uí Chuláin, C. Mac Cloiscaigh.

Super Valu Siopa an Phobail

Indreabhán

Fón: 091-593020 Faics: 091-593338



Taisteal na Cruinne, Unit 4, Spiddal, Co. Galway, Éire

Tel.: 091 - + 353 91-553149 / + 353 91-504997 Facs: 091 - + 353 91-553289

Ríomhphost: coleman@tnacwslmail.com



Fuinneamh Gaoithe Teo.

An Cnoc

"Ginnadóirí Cumhachta"

SOCOS

le Pádraig Ó Concheanainn

Ba i mí Mheán an Fhómhair na bliana 1994 a tháinig SOCOS Teo. ar an bhfód an chéad lá riamh. Bunaíodh an comhlacht, le seirbhís stáiseanóireachta agus throscán oifige a chur ar fáil i gceantar Chonamara agus sa réigiún máguaird. Ba é Pádraic Ó Concheanainn, a raibh taithí na mblianta aige sa ghnó, a bhí i mbun an chomhlachta. Ba i gColáiste Dara, i mBaile an Tigh Mhoir, a thosaigh an comhlacht, an chéad lá. D'aistrigh siad soir go hEastát Tionscalaíochta na Coille Rua in Aibreán na bliana 1995, tráth a raibh ionad cuí réitithe ag Údarás na Gaeltachta dóibh. De réir a chéile, tháinig méadú ar an ngnó, agus ar an gcomhlacht dá bharr sin, agus chuir Údarás na Gaeltachta breis spáis ar fáil i 1999.

Ghlac an comhlacht ballraíocht in Integra Office Solutions Ltd. as an mBreatain Bheag i 1996, comhlacht a chuireann cúrsaí traenála agus tacaíocht ar fáil do ghnó na stáiseanóireachta. Bhronnadar an Gradam *Dealer of the Year* ar SOCOS Teo. sa bhliain 2000. Ba iad an chéad chomhlacht Éireannach ar bronnadh an gradam seo orthu go dtí seo.

Gradam

Sa bhliain 2001, ghnóthaigh siad an comórtas áitiúil, agus roinneadar an gradam náisiúnta sa gcomórtas idir chomhlachtaí Gaeltachta, *Fondúireacht an Údaráis*. Sa bhliain 1999, ghlacadar ballraíocht i BNI, eagraíocht ina bhfuil ballraíocht ag daoine gairmiúla agus ag comhlachtaí a thagann le chéile go seachtainiúil agus a mhalartaíonn eolas agus gnó.

Is iomaí bileog pháipéir, cathaoir agus bord atá gaithe tríd a lámha ó hosclaíodh na doirse i Meán Fómhair na bliana 1994. Is iomaí áit, comhlacht agus ionad oideachais ar cuireadh earraí ar fáil dóibh. Tá earraí nach beag curtha ar

fáil ar thrí oileán Árann, Oileán Thoraigh agus Inis Bigil; ó Ghaoth Dobhair go Luimneach agus ó Bhaile Átha Cliath go dtí an Clochán.

I dtús na bliana seo, fuair siad conradh ón gcomhlacht Kelly Todd Architects (Gaillimh agus Béal Feirste) agus Nolan Ryan Partnerships (Luimneach) leis an troscán oifige uile a chur ar fáil d'fhoirgneamh nua BMES m Ollscoil na hÉireann, Gaillimh. Tá cainteanna ar siúl faoi láthair le comhlacht ón Mór-roinn le réimse áirithe throscán oifige a chur ar fáil in iarthar na hÉireann.

Meiriceá

Tá cainteanna ar bun freisin le comhlacht as Stáit Aontaithe Mheiriceá le hionadaíocht a dhéanamh ar son an chomhlachta in Éirinn agus le comhlacht eile fós, chun a gcuid earraí a dháileadh in Éirinn.

Ní neart go cur le chéile agus is dócha freisin gur féidir a rá gur ar scáth a chéile a mhaireann na daoine. Is cinnte gur féidir leis an gcomhlacht seo méadú, forbairt agus breis fostaíochta a chur ar fáil le tacaíocht ó mhuintir Chonamara. Is cinnte leis, gur i neart a bheidh an comhlacht ag dul sna blianta beaga seo romhainn.

*Is iomaí
bileog
pháipéir,
cathaoir agus
bord atá gaithe
tríd a lámha ó
hosclaíodh na
doirse i Meán
Fómhair na
bliana 1994.*

Oscailt Thearmann Éanna

An Tulach

Ar an 9ú lá de Shamhain, 2003, rinne an tAire Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta, Éamon Ó Cuív, T.D., an oscailt oifigiúil ar Thearmann Éanna ar an Tulach i gCois Fharraige. Seo iad cuid de na daoine a bhí i láthair don ócáid mhór sin.

Ar dheis agus ar an gclúdach tá pictiúr de Thearmann Éanna agus thíos tá an slua mór a bhí i láthair ag an ócáid nuair a ghearr an tAire Ó Cuív ribín na hoscailte.



Cuairteoirí ag Oscailt Thearmann Éanna ...



1. Brídín Ní Chéidigh, Na hAille agus Nell Joyce, Gaillimh; 2. Meaig agus Áine Lydon, Tearmann Éanna, An Tulach; 3. Máirín Uí Chualáin, Teach Mór; Peig Dhiarmada (Uí Chéidigh), Leithrinn; Máire Uí Chadhain, Lochán Beag agus Paddy Mheait (Mac an Iomaire), Cor na Rón Láir; 4. Bidín Uí Chonghaile, Baile na hAbhann; Mairéad Uí Mhaoileoin, Cor na Rón Thiar agus Jude Uí Chonghaile, Cré Dhubh; 5. Pádraig Ó hAoláin, Údarás na Gaeltachta; An tAire Éamon Ó Cuív agus Pól Ó Foighil, Coiste Thearmann Éanna.

Cuairteoirí ag Oscailt Thearmann Éanna ...



1. Jimmy Ó Féinneadha, An Tulach; Áine Uí Chuív, Cor na Móna; Páraic Willie Ó Fátharta, Na hAille agus Tadhg Tim Ó Conghaile, An Cnoc; 2. Máire Mhic Dhiarmada, Lochán Beag; Nóra Uí Chualáin, Cor na Rón Láir agus Áine Uí Óbáin, Indreabhán; 3. Micheál Ó Conghaile, Tearmann Éanna; Páidí Breathnach, Cor na Rón Láir agus Johnny Ó Conghaile, Cor na Rón Láir; 4. Máire Holleran, Corr na Móna; Tommy Ó Cadhain, Cor na Móna agus Máire Ní Mháille, Tír an Fhia; 5. Coiste Thearmann Éanna: Katie Uí Chualáin, Sara Uí Mháille, Máire Uí Shrutháin, Mairéad Uí Neachtain, Aodán Mac Donncha, Pól Ó Foighil, An tAth. Micheál Ó Flannabhra, S.P. agus Sorcha Ní Dhonncha.

Campa Saoire
Chois Fharraige

le Liam Puirséal

Reachtáladh Campa Saoire Chois Fharraige 2003 i Scoil Sailearna, Indreabhán idir an 7ú Iúil agus an lú Lúnasa i mbliana. D'fhreastail breis is cúig chéad páistí ar na cúrsaí agus bhain siad uilig fíorthaitneamh as na himeachtaí éagsúla a cuireadh ar fáil dóibh.

Coicís a sheasann gach cúrsa sa gCampa Saoire agus go deimhin déanann roinnt des na páistí dhá thréimhse coicise ann. Na haidhmeanna atá leis an gCampa Saoire ná caitheamh aimsire atá taitneamhach agus fiúntach a chur ar fáil dos na páistí trí mheán na Gaeilge agus tá an obair seo ar bun anois le trí bliana déag i gCampa Saoire Chois Fharraige.

Áit an-ghníomhach é an Campa Saoire, ó 10.00 ar maidin go dtí 4.30 tráthnóna. Bíonn éagsúlacht mhór imeachtaí ar siúl an t-am ar fad agus ní bhíonn sé d'am ag éinne éirí bréan de cheann ar bith acu. Bíonn

comhlúadar iontach ag na páistí ann: slua mór dá gcomh-aois féin le bheith páirteach i ndrámáí, cluichí, damhsaí, obair láimhe agus a lán gníomhaíochtaí eile leo. Tagann cairde le chéile chuig an gCampa Saoire agus déantar a lán cairde nua ann chomh maith.

Trí mheán na Gaeilge a reachtáiltear na himeachtaí uilig agus déanann lucht riartha an Champa gach iarracht na páistí a mhealladh chun a gcuid caidrimh eatarthu féin a dhéanamh trí Ghaeilge chomh maith. Fiú na páistí ar bheagán Gaeilge a thagann ar na cúrsaí, éiríonn leo páirt iomlán a ghlacadh in imeachtaí an lae agus tuairiscíonn tuismitheoirí go minic go dtagann an-fheabhas ina gcuid cainte agus ina meoin i leith na Gaeilge. Is ionad iontach é Scoil Sailearna le haghaidh campa saoire agus tá an t-ádh ar na páistí go bhféiltíonn an Bord Bainistíochta roimh an gCampa Saoire ann gach bliain. Tá campaí saoire coitianta go maith anois ar fud na tíre agus is fiú cuimhneamh gur thosaigh siad i 1991 le Campa Saoire Chois Fharraige.



An U2 NUA ag cleachtadh go dian?

PASTIME CHONAMARA

le Máirtín Davy Ó Coisdealbha

Ó bunaíodh *Pastime Chonamara* i 2001 tá méadú mór tagtha ar an méid spéise atá léirithe ag an bpobal in imeachtaí na heagraíochta. Cuireadh tús le ranganna éagsúla i gceardaíocht ó na Forbacha siar go dtí na Minna. Bhí ceardlanna deireadh seachtaine ar siúl in áiteacha éagsúla, ina measc Oileán Chléire, Gaoth Sáile, agus Acaill. I measc na ranganna a cuireadh béim orthu i mbliana, bhí deileadóireacht adhmaid, feistiú ceangail agus ornáidíocht ar fhearaí iascaireachta, chomh maith le rang speisialta do dhaoine óga agus fásta ag déanamh macasamhail báid de réir scála.



Breathnaíonn an obair seo atá ag Micheál an-deacair!

Ina theannta sin, d'éirigh thar cionn leis na seisiúin dheireadh seachtaine a heagraíodh in imeachtaí éagsúla - ina measc an deireadh seachtaine i lár mhí na Samhna Tí Phádraicín sna Forbacha, ag ar lánseáladh imeachtaí na bliana amach romhainn. Is le cabhair ó Údarás na Gaeltachta agus ó Choiste Gairmoideachais Co. na Gaillimhe a reachtáiltear na himeachtaí seo. Tá *Pastime Chonamara* anois ar an eagraíocht is mó san áit, ó thaobh imeachtaí agus limistéir de, taobh amuigh do na heagrais spóirt atá sa gceantar.

Ba mhaith leis an coiste buíochas a ghlacadh le gach duine/eagraíocht a raibh lámh acu sa gcabhair a fuair an eagraíocht, ina measc Sorcha Nic Dhonncha agus Peadar Ó Maoláin ó Údarás na Gaeltachta, Pilib Ó Cribín, agus Seán Mac Lochlainn ó Choiste Gairmoideachais Chontae na Gaillimhe, Príomhoide agus Coiste Bainistíochta Scoil Náisiúnta Shailearna, Coiste Sheanscoil na Minna, Coiste Halla na bhForbacha, Coiste Choláiste Lurgan, lucht tithe B&B an cheantair agus múinteoirí na heagraíochta.

Noel Dan Ó
Droighneáin ag
múineadh ceird na
hiascaireachta agus
na gcleití dá chuid
daltaí mar chuid de
na himeachtaí a
bhíonn ar siúl faoi
scáth *Pastime
Chonamara*.



Ógras Chois Fharraige

le Marion Davy

Tá Ógras Chois Fharraige ag feidhmiú sa gceantar le os cionn bliana anois. Tagann muid le chéile chuile Dé Luain i Coláiste Lurgan agus chuile Dhéardaoin i Seanscoil Sailearna don aoisghrúpa 12 bhliain go dtí 19 bliain d'aois.

Freisin, i Seanscoil Sailearna, bíonn Óg-Ógras ar siúl don aoisghrúpa 8 mbliana go dtí 12 bhliain. I

mbliana chuaigh muid ar dhá thuras lae go dtí Caisleán Biorra agus go Bun Raithe. Ina theannta sin, chaith muid deireadh seachtaine i mBaile Driú, Co. na Mí, agus ceithre lá i dTrá Lí ag Scléip na hÓige ag an Oireachtas. Baineadh antaithneamh as na himeachtaí ar fad. Tá súil againn cur leis na himeachtaí i mbliana agus le cabhair ó *Phastime Chonamara* imeachtaí lámhcuardaíochta a chur ar bun.

Is féidir eolas nó Foirm Iarratais á fháil ach glaoch ar 091593311.

Buaiteoirí Oireachtais an Cheantair ó 2000

Comórtas Liteartha 2000

Comórtas 1

Úrscéal – Duais 4,000: *"Láimh Láidir"* – Joe Steve Ó Neachtain, Cré Dhubh

Comórtas 2

Ficsean do Dhaoine Óga (9-12) – An Dara Duais 1,000: *"An Diabhal sa Sliabh"* – Brian Ó Baoill, Teach Mór

Comórtas 4

Ficsean do Dhaoine Óga (16-18) – An Dara Duais 1,000: *"Coinnigh do Mhisneach"* – Diarmuid Johnson, Baile na mBrobhach

Comórtas 24

Script Teilifíse – Duais 1,500: *"Seacht gCéad Uaireadóir"* – Greg Ó Braonáin, Teach Mór

Daoine Óga

Comórtas 27

Aiste – An Dara Duais 200: *"Cluiche Ársa na hIománaíochta"* – Pádraic Ó Dubhghaill, Coláiste Cholmcille

Comórtas 28

Aiste – An Chéad Duais 300: *"Cnoc a 16 imithe ar Strae"* – Ciarán Ó Con Cheanainn, Saile Thúna

Comórtas 30

Iriseoireacht – Roinn A (Faoi 16) – Duais 300: *"Scéalta agus ceird an táilliúra"* – Páidín Ó Griallais, Coláiste Cholmcille

Comórtas 31

Iriseoireacht – Roinn B (Faoi 21) – Duais 300: *"Muintir Ghriallais: An Féidir iad a Bhualadh?"* – Ciarán Ó Con Cheanainn, Saile Thúna

Comórtas 32

Scéal – Roinn A (Faoi 16) – An Dara Duais 150: *"Sáinnithe"* – Maria Ní Bheoláin, Coláiste Cholmcille

Comórtas 33

Scéal – Roinn B (Faoi 21) – An Chéad Duais 300: *"Turas na Croise"* – Ciarán Ó Con Cheanainn, Saile Thúna

Comórtas 34

Aiste nó Gearrscéal – Roinn B (Faoi 21) – Duais 300: *"Rún Róisín Dubh"* – Ciarán Ó Con Cheanainn, Saile Thúna

Comórtas 35

Filíocht – Roinn A (Faoi 16) – An Dara Duais 60: *"Am"* – Diarmuid Ó Ceallaigh, Na hAille

Comórtas 36

Filíocht – Roinn B (Faoi 21) – An Chéad Duais 300: *"Mise Amháin"* – Ciarán Ó Con Cheanainn, Saile Thúna

Comórtas 37

Amhrán – Roinn A (Faoi 16) – An Dara Duais 60: *"Anois is Leatsa í"* – Rónán Ó Coileáin, Coláiste Cholmcille

Comórtas Ardáin 2002 do dhaoine óga

Comórtas 1

Seó Ardáin – 300 Corn Ógras – Buaite ag Club Óige Lurgan

Comórtas 4

Amhránaíocht ar an Sean-Nós (Faoi 12) – Corn Dharach Uí Chatháin & Bonn Airgid – Buaite ag Daríona Nic Dhonncha, Teach Mór

Comórtas 6


Amhránaíocht ar an Sean-Nós (15-18) – Corn Annie Eoghan Éamoinn & Bonn Airgid – Buaite ag Síle Ní Scanláin, Teach Mór

Comórtas 10

Agallamh Beirte (14-18) – Dara hÁit – Bonn Chré Umha – Diarmuid & Oisín Ó Ceallaigh, Na hAille

Torthaí ar lean ... lth. 50


Buaiteoirí Chorn Uí Riada agus iad ar dhlúthcheirníní



BÓITHRÍNÍ AN LOCHÁIN

Meaiti Jó Shéamuis Ó Fatharta

SEAN-NÓS SONGS FROM CONNEMARA




Máirtín Pheaits

Traditional songs from Connemara

Cúrsaí Aimsire ar TG4

le Yvonne Ní Laife

Is saol lán le sprid agus le spórt a chothaíonn dúil nimhe sa scleondar a bhíonn agat is tú ag obair i TG4. Is duine d'fhoireann láithreoirí leanúnachais agus aimsire atá ionam le breis agus dhá bhliain anois, agus seo sampla daoibh den obair a bhíonn ar siúl againn ann. Ón bpointe a dtagann na grafaicí agus an t-eolas aimsire chugainn ar ríomhphost ag 2 a chlog, ní thagann stop ar bith leis an obair go dtí go dtéann muid amach beo ar an aer roimh an Nuacht ag 7 – idir an réamheolais a aistriú go Gaeilge agus í a ghearradh siar ionas nach ngabhfaidh tú thar an méid áirithe ama atá leagtha amach sa sceideal don réamhaisnéis aimsire áirithe ar a bhfuil tú ag obair.



Aoife Ní Thuairisg, Yvonne Ní Laife, Daithí Ó Sé agus Síle Ní Bhraonáin ó TG4

Caithfear an t-eolas uilig a fhoghlaim i gceart agus ar ndóigh, snas a chur uirthi. Go deimhin, tá sé tábhachtach freisin leas a bhaint as nathanna cainte agus as ráiteachais difriúla chuile lá, agus do chanúint áitiúil féin a úsáid chomh maith!

Le linn creidiúintí chuile chlár, coinnítear an lucht féachana ar an eolas faoin gcéad eagrán eile den chlár, agus idir an dá linn faoi na cláracha eile a gceapann muid go mbeadh suim ag an lucht féachana iontu. Tarlaíonn an taighde sin uilig i rith na hoíche, agus muid suite sa stiúideo go dtí deireadh craolta. Ní chuireann na hoícheanta fada as dom ariamh, ach amháin más scannán scanrúil a tharraingíonn chuig deireadh na hoíche muid!

An Chéad Chraoladh

Mo chéad uair beo ar an aer os comhair an Náisiúin, déarfá, bhí mo chroí ag preabadh sciobtha go maith. Ach ní bhuaileann sé chomh dona sin a thuilleadh mé, is mé gafa i gcleachtadh air faoin am seo. Mar sin féin, ní féidir botúin a sheachaint, go háirithe más ainm aisteach ar nós *Gerard Depardieu* atá le rá agat, nó má buailtear leis na fail tú agus cúig shoicind déag agat go dtí go dtéann tú amach ar an aer.

Is ó Dhúiche Sheoigheach dom ó dhúchas, cé go bhfuil seacht mbliana caite agam faoin am seo ag obair sa taobh seo tíre. D'fhás mé aníos ar an bhfeirm, chuaigh mé ag an Ollscoil thuas i gColáiste Phádraig, i mBaile Átha Cliath. Bhí mé mar phríomh-amhránaí i mbanna ceoil, casaim an bosca ceoil, cleachtaim an ealaín mhíleata ársa ón Bhraisíl – *Capoeira* – agus téim amach ag rith cúpla uair in aghaidh na seachtaine, 'sé sin, mura mbím ró-leisciúil!

Múinteoireacht

Mar mhúinteoir, d'oibrigh mé i scoileanna éagsúla, sa tSualainn, i mBaile Átha Cliath, sa mbaile ar an gCloch Bhreac agus in go leor scoileanna thart timpeall Chonamara freisin – an t-achar is faide, ar ndóigh, ar an Tulach. Cé go bhfuil an mhúinteoireacht gar do mo chroí, agus beidh i gcónaí, bhí sé ar intinn agam ó bhí mé im' ghearrchailín óg a bheith ag obair ar an teilifís, agus cé a cheapach go n-éireodh liom!! Fad's atá mé ann, déanfaidh mé mo dhícheall an aimsir a fheabhsú, ach ar ndóigh, ní dhearna muid ródhona go dtí seo i mbliana!




Indreabhán, Co. na Gaillimhe
Fón: 091-593301 Facs: 091-593303

Troscán & Soláirtí Oifige



Tigh Neil

Indreabhán, Co. na Gaillimhe
091 593386



Luan - Sath. 8 a.m. go dtí 10 p.m.
Domh. & S.B. 9 a.m. go dtí 10 p.m.

- Siopa • Tae & Caife • Video/DVD ar Cíos •
- Peitreal & Díosail saor • Suimint
- Crua-earraí éadtrom • Bia Ainmhithe •
- Gual, Brícíní & Gás • Níochán Carranna
- Seachadadh in Aisce • Ola Téite • Alloys •

Boinn Nua & Seirbhís Ghasta
Deisithe Bonn

Feachtas Sábháilteachta

Cúpla bliain ó shin eagraíodh feachtas san áit mar gheall ar fhadhbanna tráchta agus gasúir ag trasnú an bhóthair. An toradh a bhí ar sin ná go bhfuil teora luais 40 míle san uair i bhformhór an cheantair anois.



Tigh Chualáin

Coill Rua

Teach Ósta agus B & B

Beidh fáilte romhat uair ar bith

091-553609



Cuairt Dheaidí na Nollag ar an Naíolann i gCois Fharraige, 2002



Naíonra Chois Fharraige

Bairbre Uí Mhaoileoin (Stiúrthóir)

Bunaíodh Naíonra Chois Fharraige i 1999, le seirbhís naíonra a chur ar fáil do phobal an cheantair. Eagraíocht dheonach is ea Naíonra Chois Fharraige atá á reáchtáil ag na tuismitheoirí. Faigheann muid cúnamh ón Roinn Dlí agus Cirt, Comhionannas agus Athchóirithe Dlí, agus Údarás na Gaeltachta chun cuid de na costais reachtála a ghlanadh.



"Aoibhinn beatha an scoláire a bhíonn ag déanamh léinn..."



An tAire Éamon Ó Cuív ar cuairt ar Naíonra Chois Fharraige sa Seanscoil

Tá polasaí cuimsitheach árachais ag an Naíonra agus tá muid cláraithe le Bord Sláinte an Iarthair. Tá sé mar chuspóir againn seirbhís a chuir ar fáil:

- Chun cabhrú leis an bpáiste é/í féin a fhorbairt ar gach slí;
- A fhreastalóidh ar riachtanais na bpáistí agus na dtuismitheoirí;
- A bheidh slán agus sábháilte;
- A cabhróidh leis an bpáiste an Ghaeilge a shealbhú nó a c(h)umas labhartha sa Ghaeilge a chur chun cinn agus í a úsáid mar ghnáth-theanga chumarsáide sa bpobal.

Bíonn réimse fairsing gníomhaíochtaí agus cluichí ar siúl ag an bpáiste san naíonra, ag imirt le gaineamh agus le huisce agus ag spraoi le bréagáin oiriúnacha. Cuirtear béim ar an ealaíon agus ar an gceardaíocht, drámaí, spraoi, agus eile, le deis a thabhairt do na páistí na

buanna agus na scileanna atá acu a aithint agus a fhorbairt agus dul i dtaithí ar a bheith i gcomhlúadar páistí eile dá n-aois féin.

Is mian le Naíonra Chois Fharraige freastal ar na páistí ar fad sa gceantar agus seirbhís agus tacaíocht a chur ar fáil do thuismitheoirí a bhfuil Gaeilge acu agus do thuismitheoirí nach bhfuil. Aithníonn muid freisin go bhfuil riachtanais teanga éagsúla ag leanaí a thagann gan aon Ghaeilge. Mar gheall ar sin reachtálann muid dhá sheisiún, 9.30a.m. - 12.00p.m. agus 12.30pm - 3.00pm, agus cuireann sé seo ar ár gcumas freastal ar na riachtanais teanga atá ag na páistí éagsúla sa gceantar.

Bíonn *Lá Oscailte* ag an Naíonra i mí an Mheithimh agus is féidir teagmháil a dhéanamh ach glaoch ar 086-5076156.

Torthaí ar lean ... ó lth. 42

Comórtas Ardáin 2002 do Dhaoine Fásta

Comórtas 19

Amhránaíocht Sean-Nóis Chonamara – An Chéad Duais – Corn Socos & 300 – Fearghas Mac Lochlainn

Comórtas 22

Amhránaíocht ar an Sean-Nós d'Fhir – 2ú hÁit – Bonn chré umha & 250 – Ciarán Ó Con Ceanainn

Comórtas Liteartha an Oireachtais 2003

Daoine Óga

Comórtas B3

Iriseoireacht - Roinn A (Faoi 16) – Duais 300: “Conspóidí Roghnúcháin Samhradh” – Diarmuid Ó Ceallaigh, Na hAille

Comórtas B4

Iriseoireacht - Roinn B (Faoi 21) – An Chéad Duais 300: “Damhsa ar an Sean-Nós i gConamara” – Pádraicín Ní Fhátarta, Coláiste Cholmcille

Comórtas B6

Scéal – Roinn A – (Faoi 16) – An Chéad Duais 300: “Lá Aonaigh” – Eoghainín Ó hAinmhire, Coláiste Cholmcille
– Dara Duais 150: “Eachtra Mhichíl” – Daithí Ó Loideáin, Coláiste Cholmcille

Comórtas B7

Scéal – Roinn B – (Faoi 21)
– An Chéad Duais 300: “Mac an Diabhail” – Séamus Ó Cearra, Clochar Locha, Lochán Beag

Daoine Fásta

Comórtas A5

Ábhar Léitheoireachta don Fhoghlaimoir Fásta – Duais 400: “Coill na Meala” – Brian Ó Baoill, Teach Mór

Comórtas A7

Gearrscéal – An Chéad Duais 400: “Céasta” – Joe Steve Ó Neachtain, Cré Dubh

Comórtas A8

Gearrscéal – Duais 200: “Cailín” – Brian Ó Baoill, Teach Mór

Comórtas A10 Léirmheastóireacht ar Philíocht – Duais 400: “Gainimh Séidte” – Gearóid Denvir, Na hAille

Comórtas A17 Drámaíocht – An Chéad Duais 200: “Mil” – Brian Ó Baoill, Teach Mór
– “Na Spíodóirí” – Brian Ó Baoill, Teach Mór

Comórtas Ardáin 2003 do Dhaoine Óga

Comórtas 4

Dreas Cainte (12–15) – Teastas: Ciarán Ó Griallais, Club Óige Lurgan

Comórtas 5

Dreas Cainte (15–18)
– Bonn Airgid: Diarmuid Ó Ceallaigh, Club Óige Lurgan

Comórtas 6

Amhránaíocht ar an Sean-Nós (Faoi 12) – Teastas: Dariona Nic Dhonncha, Scoil Sailearna

Comórtas 7

Amhránaíocht ar an Sean-Nós (12–15) – 2ú hÁit – Bonn Chré Umha: Shane Mac Donncha, Club Óige Lurgan

Comórtas 13

Agallamh Beirte (12–15) – Bonn Airgid: Seán Denvir & Shane Mac Donncha, Club Óige Lurgan
– 3ú Áit: Roinnte idir Aedín Ní Fhátarta & Eden Ní Churraoin, Club Óige Lurgan – Séamus Ó Scanláin & Sinéad Ní Fhéinneadha, Teach Mór

Comórtas 14

Agallamh Beirte (15–18) – Bonn Airgid: Diarmuid & Oisín Ó Ceallaigh, Na hAille

Daoine Fásta

Comórtas 17

Scéalaíocht – Duais 400: Séamus Ó Cearra, Lochán Beag

Comórtas 20

Lúibíní – 2ú hÁit – Duais 400: Traolach Ó Conghaile, Scoil Sailearna & Seán Ó Gráinne


Comórtas 23

Amhránaíocht Sean-Nóis Chonamara – 2ú hÁit – 200 & Bonn Chré Umha: Aengus Ó Fátarta, Na hAille

Comórtas 27

Príomhchomórtas Sean-Nóis an Oireachtais – Corn Uí Riada – 2ú hÁit – 500 & Bonn Airgid Ciarán Ó Con Ceanainn, Saile Thúna

Súil Siar



Thuas: An Canónach Tomás Heraty a cuireadh i gcré ar an 22ú Meán Fómhair 2003. Bhí sé ina Shéiplíneach ar an Tulach ó 1950 go dtí 1957.

Ar dheis: Triúr de mhuintir Mhic Aodha, triúr dearthár agus triúr sagart, Larry, Máirtín agus Micheál Mac Aodha a bhí ina Shagart Paróiste ar an gCnoc.



Ar chlé:

An tAth. Micheál Mac Aodha, S.P.; Caitlín Nic ann Ultaigh; An Cairdinéal Tomás Ó Fiaich; An tAth. Pádraic Audley agus Seán Breathnach. Bronnadh píosa criostail ó Dhroichead an Chláirín ar an gCairdinéal mar chomhartha buíochais ar an gcuairt a thug sé ar an gceantar i 1990.

*Tà tráth le breith is tráth le bás; tráth le cur is tráth le fás.
Nuair a thagann duine go deireadh an ráis, ní shin é deireadh an duine.*

Coheilít 3:1-11

DÁTA

15/06/2001
21/06/2001
20/07/2001
28/09/2001
09/08/2001
03/08/2001
11/07/2001
11/10/2001
13/10/2001
30/09/2001
13/10/2001
10/12/2001
27/12/2001
07/12/2001
14/01/2002
01/02/2002
22/01/2002

15/02/2002
09/01/2002
07/04/2002
24/04/2002
02/03/2002
26/06/2002
14/11/2001
07/04/2002
26/07/2002
29/08/2002
28/08/2002
14/08/2002
01/07/2002
22/08/2002
02/11/2002
28/11/2002
13/09/2002
10/12/2002
15/12/2002
30/12/2002
20/01/2003
19/02/2003
25/02/2003
05/03/2003
11/04/2003
14/04/2003
22/05/2003
22/05/2003
28/05/2003
22/04/2003
06/07/2003
07/06/2003
20/06/2003
11/09/2003

FÁILTE ISTEACH

Zoe Giles
Liam Eoin Ó Céide
Seán Colm Ó Conghaile
Katie Bourke
Jason Kearns
Cathal Ó Tuathail
Eimhin Ó Diollúin
Rachel Barrett
Laura Nic an Ultaigh
De Anna Karen Blue
Bláithín Ní Chonghaile
Cian Mannion
Caomhán Ó Féinneadha
Olivia Bríd Ní Chéide
Molly McDonagh-Lydon
Jamie Ó Máille
Clíona Ní Dhúgáin - Ní Churraoin
Niamh Ní Dhúgáin - Ní Churraoin
Róisín Ní Dhúgáin - Ní Churraoin
Éamon Ó Laoire
Rosanna Ní Chualáin
Cathal McGinley
Cathal King
Micheál Páraig Ó Máille
Tom Donnelly
Kasey Ní Mhárta
Aodán Ó Fátharta
Liodán Bríd Canney
Frankie McHugh
Ailbhe Nan Irwin-Ní Chomhghain
Aoibhín Ní Ghríofa-Breathnach
Síofra Máire Ní Mhárta
Emma Marie Ní Churraoin
Stephen Ó Conghaile
Fódhla Bríd Ní Bhraonáin
Ana Breathnach
Thomas John Ó Curraoin
Katelynn Jane Flaherty
Culan Eoghan Doherty
Kianna Lee Ní Mhárta
Ciarán Patrick Ó Flatharta
Neasa Áine Ní Chonghaile
Kilian Folan
Seán Lee
Róise Aingeal Nee
Claire Clíona Nic Cormaic
Maidhc Mac Gearailt
Caoimhe Ní Chualáin
Bróna Treasa Ní Cheallacháin
Seán Máirtín Ó Cualáin
Deirbhle Frances Ní Mhárta
Gina Marie Giles
Tommy Lee Faherty

BAILE

Cor na Rón
Teach Mór
An Cnoc
Cré Dhubh
Saile Thúna
Leithrinn
Púirín
Cloch Mór
Teach Mór
Aille
An Cnoc
Bánrach
Cré Dhubh
Teach Mór
Baile na hAbhann
Caol Rua
Na hAille

Bothúna
Bothúna
Caol Rua
Bóthar Buí
Casla
Caol Rua
Cor na Rón
Aille
Lochán Beag
Cathair
Aille
Aille
Aille
Aille
Cor na Rón
Teach Mór
Aille
Cathair
Lochán Beag
An Chathair
Cor na Rón
Bóthar Buí
An Cnoc
Cor na Rón
Seana Mhóinín
Caol Rua
Bóthar Buí
Bóthar Buí
Saile Thúna
Cré Dhubh
Teach Mór
Aille
Cor na Rón
Saile Thúna

Cliona, Niamh agus Róisín



Bhí gliondar an domhain ar Rita agus Michael Ó Dúgáin ar an 22ú lá d'Eanáir 2002 nuair a rugadh triúr iníon álainn dóibh, Clíona, Niamh, Róisín. Bhí Cliona 4 phunt agus 4 unsa, an chéad duine acu, agus Niamh an dara duine, 4 phunt agus 1 unsa; ba í Róisín an tríú duine agus bhí sise 4 phunt 3 unsa. Éiríonn siad thart ar a hocht a chlog chuile mhaidin agus is deacair a theacht suas leo aríst go dtéann siad a chodladh ag a seacht a chlog tráthnóna. Bíonn siad gléasta mar chéile i gcónaí agus tá beirt acu fíorchosúil lena chéile. Baineann siad an-spórt as a chéile agus ar ndóigh as a ndeartháir, Diarmuid, ach tá sé siúd ceithre bliana d'aois anois agus bíonn sé ag an naíonra chuile lá.

Dá mairfidh Meáirt Churraoin, Daideo na ngasúir seo, nach é a bheadh bródúil astu.... Beannacht Dé lena Anam.

PÓSTAÍ

*Go maire
sibh bhur nuaíocht*

23/03/2002	Gerard Nash & Caroline Harnett	Luimneach
11/05/2002	Páraig Ó Gionnáin & Bríd Ní Mhárta	Cor na Rón
18/05/2002	Barry Flaherty & Eibhlín Ní Chaisín	Na Minna
19/07/2002	Joseph O'Donnell & Sharon Ní Fhéinneadha	Aille
20/09/2002"	Michael Ó Sullivan & Sinéad Ní Chualáin	Caol Rua
26/10/2002	John Thomas Cooke & Mary Ellen Feeney	Lochán Beag
01/11/2002	Seán Barra Ó Gríofa & Deirdre Bhreathnach	An Tulach
07/12/2002	Peadar Ó Cualáin & Esther McKnight	Teach Mór
14/03/2003	Micheál Seán Breathnach & Fionnuala Ní Neachtain	Cor na Rón
28/06/2003	Eamon Dwyer & Máire Ní Bhiadh	An Cnoc
07/08/2003	Mark Anthony Conneely & Catrina O'Gorman	Púirín
08/08/2003	Austin Callaghan & Peigí Ní Fhlatharta	Teach Mór
30/08/2003	Thomas Francis Haurah & Áine Ní Chonghaile	Cnoc Aduaidh
30/08/2003	Andrew Lydon & Sally Ann McDonagh	Baile na hAbhann
20/09/2003	Feargal Burke & Bríd Ní Fhátharta	Saile Thúna

Ar Shlí na Fírinne

Slán Abhaile

27/10/2001	Jude Uí Churraoin	Cré Dhubh
02/11/2001	Máire Uí Chonghaile	Cor na Rón
08/11/2001	Dan Ó Coinceanain	Cor na Rón
19/12/2001	Timothy O'Connell	An Tulach
20/12/2001	Seán Ó Loideáin	Tuar Beag
23/12/2001	Nóra Uí Fhátharta	Bánrach
03/01/2002	Micheál Ó Coisdealbha	Cloch Mhór
08/01/2002	Bríd Uí Choisdealbha	Bánrach
08/01/2002	Tommy Ó hEidhin	Cloch Mór
05/03/2002	Michael O'Regan	Bothúna
06/03/2002	Josie Ó Fátharta	Cor na Rón
08/03/2002	Peg Fogarty	Na Criogáin
20/03/2002	Mary O'Connell	An Tulach
03/04/2002	Tomás Ó Loideáin	Saile Thúna
07/04/2003	Micheál Mac Donnchadha	Bánrach
08/04/2003	Seosamh Ó Curraoin	Cathair
23/04/2002	Seán Folan	Cor na Rón
08/05/2002	Colm Ó Conghaile	Teach Mór
08/05/2002	Cóil Ó Conghaile	Bóthar Buí
12/05/2002	Tom Ó Cualáin	Cathair
22/05/2002	Máirín Ní Choisdealbha	Caorán
06/06/2002	Brid Strain	Cathair
31/07/2002	Maggie Uí Chonghaile	Baile na hAbhann
07/08/2002	Tomás Breathnach	An Tulach
08/09/2002	Máire Uí Churraoin	Cathair
14/09/2002	Máirtín Ó Droighneáin	Seana Mhóinín
19/09/2002	Uilic Cháit Ó Coisdealbha	Cathair
06/10/2002	Máirtín Breathnach	An Tulach
03/11/2002	Stephen Reaney	Caol Rua
21/11/2002	Tomás Breathnach	An Tulach
29/12/2002	Kate Uí Chonghaile	Caol Rua
03/01/2003	Peadar Ó Conghaile	Púirín
06/01/2003	Peadar Ó Loideáin	Seana Mhóinín
28/01/2003	Mary Reardon Ní Loideáin	Seana Mhóinín
02/02/2003	Mary Brady	Aille
10/02/2003	Caitlín Bhold Ní Dhonnchadha	Teach Mór
01/03/2003	Jude Uí Chlochartaigh	Aille
04/03/2003	Kevin Ó Conghaile	Cor na Rón
19/03/2003	Bríd Uí Chualáin	Teach Mór
04/04/2003	Bríd Uí Chadhaín	Cor na Rón
04/04/2003	Nan Ní Chonaire	Cor na Rón
18/04/2003	Nóra Ní Fhátharta	Bánrach
04/05/2003	Nóra Uí Dhiollúin	Cloch Mór
08/05/2003	Bairtle Beag Ó Cualáin	Lochán Beag
16/05/2003	Kitty Uí Neachtain	Púirín
12/07/2003	Máirtín Ó Tuathail	Lochán Beag
17/08/2003	Claire Clíona Ní Cormaic	Bóthar Buí
17/09/2003	Máire Ní Chéide	Aille
22/10/2003	Bríd Ní Chadhaín	Cathair
25/10/2003	Máirtín Ó Conghaile	An Tulach



Cuid de mhuintir an cheantair
agus iad súch sách tar éis a mbéile
ag Féile na Bealtaine 2002.

Clabhsúr



Aifreann an Phátrúin ar an Tulach



pobal





forbairt



teanga

cultúr



ag obair ar son phobal
na Gaeltachta agus
na Gaeilge



Údarás na Gaeltachta


Údarás na Gaeltachta

Na Forbacha, Gaillimh

Teil: (091) 503100 Facs: (091) 503101

Ríomhphost: eolas@udaras.ie

<http://www.udaras.ie>

A woman in a dark coat stands on a rooftop terrace, looking out over a city skyline at dusk. The sky is a mix of purple and blue, with some clouds. The city lights are visible in the distance, and the buildings in the foreground are lit up. The woman is standing on a balcony with a metal railing. The building she is on has large glass windows that reflect the city lights. The overall mood is contemplative and serene.

CÁ BHFUIL DO THRIALL?